

# Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéim 3



# CLÁR

Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc – An Réasúnaíocht	1
Rannán 1 - An dóigh lena mhór a dhéanamh den áis seo	2
Rannán 2 - Foireann Uirlisí	7

Bís Ealaíne	7
Droim le Droim	8
GRÁ (Gach Rud san Áireamh)	9
Rangú Cáirtáí	11
Timpeallán	12
Cnuasghrúpaí	13
Colláis	14
Bealach an Choinsiasa	16
Roth na nIarmhairtí	17
Tógáil Ballaí	18
Mairís Chruthaitheach	19
An Sprioc a Bhualadh	21
Rangú Muileata	22
Vótáil Cnaipí	23
Teicnící Drámaíochta	24
Teagasc Rud Foghlaim Rud	25
Fíric nó Barúil	26
Straitéis Cnámh Éisc	27
Dorn-go-Cúigear	28
Cúig Cheist	29
Fráma Reoite	30
Céimeanna Ollmhóra	31
Clár Graifítí	33
Línte Crá	34
Balún Aeir The	35
An Suíochán Te	36
Tonnadóir Smaointe	38
Cad é an Cheist?	40
Míreanna Mearaí	41
Bomaite Amháin	43
ABC (Ar Eolas – Ba Mhaith linn a Fhoghlaim – Cad é a d’Fhoghlaim Muid?)	44
Línte Saoil	45

Cluiche Cuimhne	46
Meabhairmhapáí	48
Scannáin Intinne	50
Cás a Mheas	51
Clár na bhFreagraí Casta	52
An Ceann Corr	53
Cad é do Bharúil?	54
DDE (Dearcadh Daoine Eile)	55
Biongó na nDaoine	56
BMS (Buntáiste – Míbhuntáiste – Suimiúil)	57
Bailiúchán Poistíní	58
Pirimid Tosaíochtaí	59
Ciorcal Imrothlach	61
Ionsamhlú	62
Bailiú Méide	63
Díospóireacht Líne	64
Díospóireacht Cipíní	65
LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí)	66
Tableau	67
Geis	68
Cinn Chainte	69
Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt	70
Uirlis Ordóige	71
Soilse Tráchtá	72
Dhá Réalta agus Mian	73
Grianghraif a Úsáid	74
Díospóireachtaí Siúil	75
Agus an Ghaoth ag Séideadh	77
Cluichí Focal	78
Crios Bainteachta	79

## Admhálacha

Ba mhaith leis an Partnership Management Board buíochas a ghabháil leis an iomad daoine a chuidigh lena bhfuil sa phacáiste seo a fhorbairt agus a tháirgeadh. Orthu siúd tá comhghleacaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas:

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA)  
Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS)  
Na Boird Oideachais agus Leabharlann  
An tAonad Oiliúna Réigiúnach (RTU)  
Classroom 2000 (C2K)

Lena chois sin, ba mhaith leis an Partnership Management Board buíochas a ghabháil le Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, Domhnach Mór, a thug cead dúinn grianghraif a thógáil. Is tríd an chomhpháirtíocht seo a dhéantar foghlaim na ndaltaí a cheiliúradh. Cintíonn a gcomhpháirtíocht gur ábhair réadúla iad seo chomh maith.

# Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc

Tá d'aidhm ag an Churaclam Leasaithe daoine óga a chumasú lena n-acmhainneacht a fhorbairt mar dhaoine aonair, agus cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh le bheith ag maireachtáil agus ag obair sa 21ú haois.

I sochaí an lae inniu caithfidh daoine óga a bheith solúbtha, cruthaitheach agus réamhghníomhach – caithfidh daoine óga a bheith ábalta fadhbanna a réiteach, cinntí a dhéanamh, smaoineamh go criticiúil, smaointe a chur in iúl go héifeachtach agus a bheith ag obair go héifeachtúil mar chuid d'fhoireann agus i ngrúpaí. Ní leor anois é 'eolas a bheith agat' le do bhealach a dhéanamh go rathúil tríd an saol seo, saol atá ag éirí níos casta, níos sreabhaí agus atá ag athrú go gasta. Lena chinntiú go mbeidh daoine óga ábalta a mhór a dhéanamh den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus den rath a d'fhéadfadh a bheith i ndán dóibh, glactar leis go forleathan anois go gcaithfidh deiseanna a bheith ag daoine óga le hábaltachtaí pearsanta agus scileanna éifeachtacha smaointeoireachta a fhorbairt mar chuid dá n-oideachas cuimsitheach.

Is cuid lárnach de Churaclam Leasaithe Thuaisceart Éireann iad na scileanna seo. Fágfaidh curaclam atá níos solúbhta i dtaca le hábhar agus le ham de, go mbeidh deiseanna ag múinteoirí scileanna agus ábaltachtaí na ndaltaí a fhorbairt i gcomhthráth le heolas agus tuiscint. Táthar ag súil go bhfágfaidh an cur chuige seo go mbeidh páirt ghníomhach ag mic léinn ina gcuid foghlama, go mbeidh an fhoghlaim níos ábhartha agus gur eispéireas taitneamhach inspreagtha a bheidh ann. Chomh maith leis seo, beidh deiseanna ag múinteoirí a gcuid scileanna féin mar fhorbróirí cruthaitheacha curaclaim a fhorbairt.

Ní áis chríochnaitheach é an bailiúchán seo a leanas, ach áis a chuireann comhairle phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí ar réimse leathan modhanna a d'fhéadfadh siad a úsáid sna gníomhaíochtaí laethúla foghlama agus teagaisc. Táthar ag súil go mbeidh sé ina chuidiú ag múinteoirí timpeallacht spreagthach, saibhriúcháin, dhúshlánach, agus fhócasaithe a phleanáil agus a chruthú dá gcuid daltaí agus dóibh féin araon.

## [Rannán 1]

# An dóigh lena mhór a dhéanamh den áis seo

Táthar ag súil go mbainfear úsáid as agus go ndéanfar tagairt do Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc go rialta sa dóigh go mbeidh smaointe agus straitéisí nuálacha agat lena bhfí isteach sa teagasc.

## Tosú amach – seicliosta d'ábhair mhachnaimh

Anseo thíos tá roinnt mórcheisteanna agus ceisteanna a bheadh ina gcuidiú agat agus gníomhaíochtaí teagaisc á bpleanáil agat don am atá le teacht.

## Spreagadh Múinteora

I dtaca le cuid mhór múinteoirí de, bíonn tuilleadh oibre le déanamh i gcónaí agus bíonn siad de shíor ag iarraidh teacht ar dhóigheanna le rudaí a dhéanamh níos fearr – agus ní eisceacht í an fhoghlaim agus an teagasc éifeachtach. Tá sé tábhachtach go mbeidh deis agat na ceisteanna seo thíos a chur ort féin:

- Cá bhfuil tú anois i dtaca le cleachtas foghlama agus teagaisc de?
- Cad é atá do do spreagadh foghlaim ghníomhach agus modhanna gníomhacha teagaisc a fhí isteach lena bhfuil á chleachtadh agat sa seomra ranga cheana féin?
- Cad é mar is féidir leat cur lena bhfuil á chleachtadh agat faoi láthair?
- Cad é ba mhaith leat a bhaint amach?

## Spreagadh Dalta

Trí mhodheolaíochtaí a bhaineann le foghlaim ghníomhach a úsáid, táthar ag súil, ní hamháin go mbeidh tuiscint níos fearr ag daltaí ar na mórcheisteanna atá i gceist, ach go dtreiseofar ar an spreagadh agus ar an díograis acu. B'fhéidir gur mhaith leat machnamh a dhéanamh ar na pointí seo thíos leis na daltaí a spreagadh a thuilleadh:

- An bhfuil an ghníomhaíocht fóirsteanach dá n-aois?
- An bhfuil tuiscint chuimsitheach ag na daltaí ar aidhmeanna agus spriocanna?
- An mbeidh deiseanna ag na daltaí an ghníomhaíocht a éascú?
- An mbeidh deis chothrom ag gach duine a bheith páirteach sa ghníomhaíocht?
- An bhfuil go leor éagsúlachta ann?

## Dinimic an Ranga

I rang ar bith, bíonn scileanna, eispéiris, riachtanais agus ionchais éagsúla ag gach dalta agus múinteoir. Tá ról tábhachtach ag tosca den chineál seo maidir le dinimic an ranga a mhúnlú. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú machnamh ar dhinimic an ranga. Seo roinnt ceisteanna duit:

- An bhfuil aithne mhaith ag na daltaí sa rang ar a chéile nó an rang nua é atá ag teacht le chéile den chéad uair?
- Ar theagasc tú an rang seo roimhe?
- An bhfuil riachtanais/cásanna ar leith i gceist le daltaí aonair a chaithfidh tú a chur san áireamh?
- Cad é próifíl an ranga m.sh. méid, rang aonghnéis, cumas measctha srl?
- An bhfuil riachtanais ar leith ann a chaithfear a chur san áireamh maidir le huileghabhálacht?

## Ullmhacht

Ní hionann taithí, muinín agus scileanna gach dalta agus múinteoir ó thaobh modhanna gníomhacha teagaisc de. Caithfear é seo a chur san áireamh agus ceachtanna á bpleanáil.

Seo roinnt ceisteanna duit:

- An raibh an grúpa páirteach i bhfoghlaim den chineál seo riamh?
- Ar úsáid tú straitéisí gníomhacha foghlama riamh agus tú ag teagasc? – má d'úsáid, cé chomh muiníneach agus atá tú?
- Cad é mar a athróidh do ról féin, dar leat?
- Cé chomh compordach agus a mhothaíonn tú/a shíleann tú a mhothóidh tú ina leithéid de thimpeallacht ranga?

## Praiticiúlachtaí

Bíonn tionchar ag an timpeallacht ranga ar an dóigh a mothaíonn múinteoirí agus daltaí agus ar an dóigh a n-iompraíonn siad iad féin. Ní mór don timpeallacht ranga tacú le foghlaim agus teagasc gníomhach.

Seo roinnt ceisteanna duit:

- Cá fhad a mhaireann na ranganna?
- An féidir foghlaim ghníomhach a éascú sa rang, mar shampla, cé chomh fairsing agus atá an seomra ranga; an bhfuil fairsing ann le rudaí a chur ar taispeáint, cad é mar atá na suíocháin leagtha amach, cá háit a bhfuil do thábla féin srl?
- Cá mhéad am ullmhúcháin a bhíonn ar fáil?

## Ról an Mhúinteora

Má bhíonn gach duine sa rang gníomhach agus páirteach, bíonn impleachtaí aige sin ar ról an mhúinteora. Is mó anois an bhéim atá ar an chur chuige foghlaimeoirilárnach ná ar an tsamhail oidelárnach, i dtaca le foghlaim agus teagasc de. Chomh maith leis sin, is mó an bhéim atá ar fhoghlaim phróiseasthiomáinte ná ar fhoghlaim tháirgthiomáinte. Is iad na hathruithe seo a spreagann múinteoirí, ní hamháin le bheith ag smaoineamh ar bhunphrionsabail foghlama agus teagasc, ach le bheith ag smaoineamh chomh maith ar an ról atá acu féin sa phróiseas.

### Greille 'Ó – Go' a thaispeánann an t-athrú atá i gceist le ról an mhúinteora maidir le timpeallacht ghníomhach ranga a chruthú

Ó:	Go:
Seomra ranga oidelárnach	Seomra ranga foghlaimeoirilárnach
Foghlaim tháirglárnach	Foghlaim phróiseaslárnach
Déanann an múinteoir eolas a sheachadadh	Déanann an múinteoir eolas a eagrú
Múinteoir mar 'ghníomhaí'	Múinteoir mar 'chumasóir', a dhéanann foghlaim na ndaltaí a éascú
Fócas sainiúil don ábhar	Fócas foghlama iomlánaíoch

Is léir go n-athróidh ról na ndaltaí sa rang de bharr na n-athruithe seo i ról an mhúinteora.

### Greille 'Ó – Go' a thaispeánann an t-athrú atá i gceist le ról na ndaltaí i dtimpeallacht ghníomhach ranga

Ó:	Go:
Faighteoirí éighníomhacha eolais	Foghlaimeoirí gníomhacha rannpháirteacha
Fócas ar cheisteanna a fhreagairt	Ceisteanna a chur
Cuirtear an t-eolas ar fáil dóibh	Freagrach as a gcuid foghlama féin – foghlaimeoirí machnamhacha
In iomaíocht lena chéile	Ag cuidiú lena chéile san fhoghlaim
Ag iarraidh a dtuairimí féin a chur chun cinn	Ag éisteacht go gníomhach le tuairimí daoine eile
Ag foghlaim faoi ábhair aonair	Ag nascadh a gcuid foghlama

## An Múinteoir mar Éascaitheoir

I dtimpeallacht ghníomhach ranga is minic a bhíonn an múinteoir ag feidhmiú mar éascaitheoir, ag tacú le daltaí agus iad i mbun foghlama agus scileanna á bhforbairt acu a bhaineann, mar shampla, le fianaise a mheas, le hidirbheartaíocht, le cinntí eolasacha a dhéanamh, le fadhbanna a réiteach, le bheith ag obair leo féin agus i gcomhar le daoine eile. Tá sé riachtanach go mbeidh daltaí rannpháirteach ina gcuid foghlama féin.

In amanna beidh sé fóirsteanach don éascaitheoir ról/feidhm ar leith a ghlacadh air/ uirthi féin leis an fhoghlaim ranga a fheabhsú nó le dúshlán a gcuid smaointeoireachta a thabhairt ar dhóigh eile. Ar na róil a d'fhéadfadh a bheith i gceist anseo tá:

- **Éascaitheoir neodrach:** Cuireann an t-éascaitheoir ar chumas an ghrúpa dearcthaí éagsúla a fhiosrú gan a b(h)arúil féin a chur in iúl.
- **Abhcóide an diabhair:** Glacann an t-éascaitheoir seasamh eile d'aonghnó le dul i ngleic le daoine, beag beann ar a d(h)earcadh féin.
- **Do thuairim féin a nochtadh:** Cuireann an t-éascaitheoir a s(h)easamh féin in iúl sa dóigh go mbeidh a fhios ag an ghrúpa cén dearcadh atá aige/aici.
- **Comhghuaillí:** Tacaíonn an t-éascaitheoir leis an dearcadh atá ag foghrúpa nó duine aonair ar leith (mionlach de ghnáth) taobh istigh de ghrúpa.
- **Dearcadh oifigiúil:** Cuireann an t-éascaitheoir an dearcadh oifigiúil ar mhórchesteanna áirithe in iúl don ghrúpa m.sh. eagraíochtaí oifigiúla, an dlí srl.
- **Dúshlán a thabhairt:** Tugann an t-éascaitheoir dúshlán na ndearcthaí atá á léiriú trí cheisteanna a chur, agus spreagtar na daltaí leis an seasamh acu a chosaint.
- **Provocateur:** Cuireann an t-éascaitheoir argóint, dearcadh agus eolas chun tosaigh leis an rang a ghríosú. Ní gá go gcreidfeadh sé/sí féin iontu, ach ar an ábhar go gcreideann daoine aonair nó grúpaí eile go fírinneach iontu, cuireann sé/sí i láthair go diongbháilte iad.
- **Rólghlacadh:** D'fhéadfadh an t-éascaitheoir ról duine eile nó caracatúir a ghlacadh (ceannaire eaglaise nó polaiteoir, mar shampla), agus a c(h)uid argóintí agus dearcthaí a chur i láthair an ranga.

Tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint leis na róil éascaithe thuas, agus tá sé tábhachtach go gcuirí iad seo san áireamh agus ceachtanna á bpleanáil. D'fhéadfá do mhachnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo thíos:

- Cad é mar a mhothaím maidir leis na róil seo a ghlacadh orm féin?
- An dtiocfadh liom cuid de na róil seo a chur i bhfeidhm mar chuid den chleachtas ranga atá ann faoi láthair?
- An mbím ag feidhmiú i gcuid ar bith de na róil seo gan fhios dom féin in amanna?
- An bhfuil sainriachtanais i mo rang a chaithfear a chur san áireamh?
- Cad iad na straitéisí a thig liom a úsáid le dul i ngleic le mórchesteanna dúshlánacha a d'fhéadfadh teacht chun tosaigh?
- An dtuigim na cuspóirí foghlama agus na torthaí a bhaineann leis an cheacht srl?



## RÓL AN ÉASCAITHEORA



## [RANNÁN 2: FOIREANN UIRLISÍ]

# BÍS EALAÍNE

### Scileanna

- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

### Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo beidh deis ag daltaí machnamh ar a gcuid smaointe agus mothúchán maidir le mórcheist áirithe, agus iad a chur in iúl ar dhóigh chruthaitheach.

### Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, má tá na daltaí ina suí ag táblaí, thig leo píosa páipéir an duine a úsáid le colláis/bís ghrúpa a dhéanamh.

### Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear bís mhór pháipéir i lár an tseomra. Ba chóir go mbeadh an páipéar mór go leor le gluaiseacht a éascú agus le go mbeidh deis ag na daltaí uilig rud éigin a chur leis.
2. Roghnaíonn gach duine sa ghrúpa spás saor ar an bhís agus tarraingíonn siad líníocht lena smaointe ar ábhar áirithe a chur in iúl. D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh le cúpla focal ar an ábhar a scríobh taobh lena bhfuil tarraingthe acu.
3. Agus an t-am don chuid seo den ghníomhaíocht istigh, thiocthadh leis na daltaí bogadh ar aghaidh chuig áit eile ar an bhís agus a gcuid smaointe ar ábhar bainteach a léiriú. Mar shampla:

#### Ábhar: Forbairt Phearsanta

- Cad é mar a thiocthadh leat do shaol go dtí seo a léiriú?
- Cad é mar a thiocthadh leat do chuid súilíochtaí don am atá le teacht a léiriú?
- Cad é mar a thiocthadh leat do chuid ábhar imní a léiriú?

4. Agus an ghníomhaíocht thart, ba chóir go dtabharfadh an t-éascaitheoir am do na daltaí amharc ar an bhís iomlán agus a bhfuil déanta ag daltaí eile a thabhairt faoi deara. D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh lena bhfuil déanta ag daoine eile a fhorbairt nó le cur leis.
5. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta, d'fhéadfaí na daltaí a spreagadh leis na chéad smaointe a bhí acu ar an cheist a chur in iúl, agus ansin lena gcuid mothúchán a léiriú i ndiaidh dóibh obair an ranga a fheiceáil. Ar tháinig athrú ar a gcuid smaointe agus mothúchán dá bharr? Má chuir duine eile lena raibh déanta acu féin, cad é mar a mhothaigh siad faoi sin?

# DROIM LE DROIM

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Fadhbréiteach

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo, spreagtar daltaí le bheith ag obair le chéile agus le bheith níos soiléire agus iad i mbun cumarsáide agus breathnóireachta. Chomh maith leis seo, cothaítear scileanna gníomhacha éisteachta. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid go furasta i réimsí eile foghlama.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- B'fhéidir gur mhaith leis na héascaitheoirí an seomra a eagrú le go mbeidh na daltaí ina suí droim le droim. De rogha air sin, d'fhéadfaí na daltaí a chur ina suí ina bpéirí, ach caithfear a bheith cúramach nach mbeidh siad ag amharc ar spreagthach an duine eile!

## Cad é mar a oibríonn sé ?

1. Bíonn na daltaí ina suí droim le droim agus na cathaoireacha ag baint dá chéile, sa dóigh go mbeidh siad in ann an duine eile a chluinstin agus an ghníomhaíocht ar bun. Níl cead acu amharc thar a ngualainn in am ar bith.
2. Tugtar spreagthach amhairc do dhalta amháin (dalta A), tugtar píosa páipéir agus peann/peann luaidhe don dalta eile (dalta B).
3. Cuireann dalta A síos ar an spreagthach amhairc agus caithfidh dalta B iarracht a dhéanamh é a tharraingt chomh cruinn agus is féidir, agus méid, cruth, mionsonraí agus anótáil a chur san áireamh.
4. Thig le dalta B ceisteanna a chur de réir mar is gá ach b'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir teorainn ama a chur leis an ghníomhaíocht.
5. Agus an t-am istigh, cuireann na daltaí na líníochtaí i gcomparáid lena chéile.
6. Thiocfadh leo na ról a mhalartú ansin.
7. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta, d'fhéadfaí aird a dhíriú ar an chumarsáid idir na daltaí agus ar cad chuige a raibh/nach raibh an toradh deiridh cosúil leis an bhunleagan.

# GRÁ (Gach Rud san Áireamh)

## Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Fadhbhréiteach, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Tríd an mhodheolaíocht seo a úsáid, is féidir daltaí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar na gnéithe ábhartha *uilig* agus cinneadh á dhéanamh nó smaoineamh á mheas acu. Is uirlis mhaith í is féidir a úsáid le cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíocht áirithe nó le gníomhaíocht a phleanáil. Is féidir í a úsáid in éineacht le gníomhaíocht **timpeallán** leis na gnéithe uilig a mbeadh tionchar acu ar chinneadh nó ar smaoineamh a liostú.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má dhéantar an ghníomhaíocht seo in éineacht le gníomhaíocht timpealláin, b'fhéidir go mbeadh ar na daltaí aistriú ina ngrúpaí go dtí táblaí eile sa seomra. De rogha air sin, thiofadh leis na daltaí fanacht san áit a bhfuil siad agus leathán smeach-chairte a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile nuair a bheidh an t-am istigh.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir plé a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfí gach rud san áireamh agus cinnteoireacht agus pleanáil ar bun. Mar shampla, má fhágtar gné thábhachtach ar lár, tá baol ann go ndéanfaí cinneadh a bheadh go hiomlán mícheart ar deireadh, cé go raibh an chuma air go raibh sé ceart ag an am.
2. Agus iad i ngrúpaí, thiofadh leis na daltaí an teimpléad **Gach Rud san Áireamh** a líonadh isteach.

### Cás Samplach GRÁ

Cuireadh iarratas pleanála isteach le críochfort agus rúidbhealach nua a thógáil ag Aerfort Chathair Bhéal Feirste le freastal ar an líon ardaithe turasóirí agus daoine gnó a thagann chuig Tuaisceart na hÉireann. Tá lucht gnó agus turasóireachta ar son an phlean, ach tá muintir na háite agus lucht comhshaoil ina éadan. Cad iad na tosca ba chóir a chur san áireamh agus an cinneadh deiridh á dhéanamh?

3. I ndiaidh do na daltaí na leatháin GRÁ a líonadh isteach, thiofadh leo rothlú ina ngrúpaí le hamharc ar na gnéithe a thug na grúpaí eile faoi deara. B'fhéidir gur mhaith leo an straitéis **Dhá Réalta agus Mian** a úsáid le piarmheasúnú a dhéanamh.
4. D'fhéadfaí am a chur ar fáil do na daltaí leis na gnéithe a d'aithin siad a athrú nó le cur leo, bunaithe ar a bhfuil scríofa ag na grúpaí eile.
5. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú **mioncheistiú** a dhéanamh ar deireadh, agus na daltaí uilig in aon ghrúpa amháin, leis na gnéithe uilig thabhairt le chéile.

## Teimpléad GRÁ

Smaoineamh/mórcheist/cás atá le plé:

Gné 1

Buntáistí

Míbhuntáistí

Gnéithe Suimiúla

Gné 2

Buntáistí

Míbhuntáistí

Gnéithe Suimiúla

Gné 3

Buntáistí

Míbhuntáistí

Gnéithe Suimiúla

I ndiaidh dúinn na gnéithe uilig a phlé, sílim...

# RANGÚ CÁRTAÍ

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo beidh deis ag daltaí smaointe agus eolas a chur in ord tosaíochta agus roghanna a chosaint agus a phlé. Féach **Rangú Muileata**, gníomhaíocht eile a bhaineann le rudaí a chur in ord tosaíochta.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le daltaí bheith ag obair ar chlár nó ar spás ar an bhalla. De rogha air sin, thiocfadh leo a bheith ag obair thart ar thábla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí i ngrúpaí beaga agus tugtar roinnt cártaí éagsúla dóibh.
2. Cuireann na daltaí in ord tábhachta/tosaíochta iad. Is féidir seo a dhéanamh i líne dhíreach nó i sraitheanna.
3. Thiocfadh leis na daltaí na dóigheanna a ndearna siad na cártaí a rangú a chur i gcomparáid lena chéile le tús a chur le plé ranga ar an mhórcheist.
4. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo.
5. Is féidir uirlisí ar nós **Cúig Cheist** a úsáid le smaointe eile a fhiosrú.

# TIMPEALLÁN

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Gníomhaíocht struchtúrtha faisnéise nó gníomhaíocht bhailithe smaointe atá anseo ina ndéantar smaointe agus freagraí na ndaltaí ar ábhar áirithe a liostú go hachomair. Bíonn na daltaí ag obair i ngrúpaí beaga le smaointe a chur in iúl nó le moltaí a chur chun tosaigh ar an mhórchéist atá á plé acu. Bíonn deis acu chomh maith smaointe na ngrúpaí eile a mheas i gcomhar a chéile agus iad a úsáid lena gcuid freagraí féin ar cheisteanna a chumadh. Féach **Cad é do Bharúil?** nó **Bailiúchán Poistíní** le teacht ar ghníomhaíochtaí bailithe smaointe eile a bheadh fóirsteanach do ghrúpaí beaga.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- B'fhéidir go mbeadh ar na daltaí bheith ag rothlú ina ngrúpaí go dtí táblaí eile sa seomra. De rogha air sin, d'fhéadfadh siad fanacht san áit a bhfuil siad agus a leathán smeach-chairte a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile agus an t-am atá istigh.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí beaga.
2. Tugtar leathán smeach-chairte nó leathanach A3 do gach grúpa a bhfuil ceist a bhaineann le topaic áirithe ar a bharr. Is féidir ceist éagsúil a scríobh ar gach píosa páipéir.
3. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí agus bíonn méid áirithe ama acu lena gcuid freagraí agus smaointe maidir leis an cheist ag barr an leathanaigh a scríobh.
4. Is féidir peann a bhfuil dath éagsúil air a thabhairt do gach grúpa le go mbeidh sé níos fusa na freagraí a shainaithint ar ball.
5. Agus an t-am istigh, téann na daltaí chuig leathán eile a bhfuil ceist eile air.
6. Léann siad freagraí an ghrúpa roimhe agus pléann siad cé acu a aontaíonn nó a easaontaíonn siad leo. Má aontaíonn siad, cuireann siad tic leo. Má easaontaíonn siad, thig leo rud éigin a scríobh lena dtuairim a chosaint.
7. Ansin scríobhann na daltaí na smaointe atá acu féin ar an cheist. Má bhaineann a gcuid smaointe leis na freagraí a scríobh an grúpa roimhe, thiocfadh leo saighead a úsáid leis na smaointe a cheangal.
8. D'fhéadfaí leanúint leis an timpeallán, má bhíonn go leor ama ann, go dtí go mbíonn deis ag gach grúpa gach ceist a fheiceáil agus freagra a thabhairt uirthi.
9. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiú i ndiaidh na gníomhaíochta seo.
10. Is uirlis áisiúil mheasúnaithe é an timpeallán chomh maith. Ar na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann tá: cad é a d'fhoghlaim tú inniu? Cad é an rud is iontaí/is uafásaí/ is suimiúla/is áisiúla a d'fhoghlaim tú inniu? Cad iad na rudaí a thiocfadh leat a dhéanamh ar dhóigh eile?

# CNUASGHRÚPAÍ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Is féidir go mbeidh an ghníomhaíocht seo ina cuidiú le faisnéis fhíorasach a chur i láthair na ndaltaí agus leis na daltaí a spreagadh le naisc a aimsiú idir ráitis agus/nó fíricí. Féach **Teagasc Rud Foghlaim Rud** le teacht ar ghníomhaíocht áisiúil eile a bhaineann le faisnéis a chur i láthair daltaí.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, mura bhfuil go leor fairsinge ann, d'fhéadfadh grúpaí beaga daltaí na cártaí a ghrúpáil thart ar thábla. D'fhéadfadh gach grúpa ansin na dóigheanna a ndearna siad na cártaí a ghrúpáil a chur i gcomparáid lena chéile.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar píosa cárta ar a bhfuil ráiteas nó fíric ar leith do gach dalta. Leis seo a dhéanamh mar is ceart, ba chóir go dtabharfaí ráiteas éagsúil do gach dalta.
2. Léann na daltaí an ráiteas acu lena chinntiú go dtuigeann siad é.
3. Agus iad ag bogadh thart, cuireann na daltaí an ráiteas acu i gcomparáid le cártaí daltaí eile.
4. Má shocraíonn beirt daltaí go bhfuil nasc idir na ráitis acu déanann siad cnuasghrúpa.
5. Thig le daltaí eile dul isteach sa ghnuasghrúpa má tá nasc idir an ráiteas acu féin agus na ráitis eile sa chnuasghrúpa.
6. Thig leis na daltaí fo-chnuasghrúpaí a dhéanamh má thugann siad faoi deara go bhfuil patrúin ag baint leis na naisc.
7. B'fhéidir gur mhaith leis na daltaí ainm a thabhairt ar an chnuasgrúpa acu.
8. Thiocfadh leis na daltaí an cnuasghrúpa acu a chur i láthair agus a mhíniú cad chuige a ndearna siad grúpa agus/nó foghrúpa.
9. D'fhéadfaí na príomhthorthaí a scríobh ar chlár nó ar smeach-chairt agus na grúpaí á gcur i láthair ag na daltaí.
10. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiú i ndiaidh na gníomhaíochta seo.



# COLLÁIS

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht chinéisteach seo, iarrtar ar dhaltaí na tuairimí atá acu ar mhórcheist nó ar choincheap a léiriú ar dhóigh ealaíonta, chruthaitheach agus shuimiúil. Ní hamháin go spreagtar daltaí le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, ach spreagtar iad chomh maith lena gcuid scileanna a fhorbairt maidir le hobair daoine eile a léirmhíniú.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thiocfadh leis na daltaí a bheith ag obair i ngrúpaí thart ar thábla nó thart ar roinnt táblaí. B'fhéidir go mbeadh ar na daltaí a bheith ábalta bogadh thart an seomra le hamharc ar obair na ngrúpaí eile agus an ghníomhaíocht thart.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí de bheirt nó de cheathrar.
2. Tugtar focal, smaoinemh, mórcheist nó coincheap do gach grúpa agus caithfidh siad é a léiriú agus réimse ábhar in úsáid acu. Ar na hábhair seo bheadh irisí, nuachtáin, cruthanna greamaitheacha, cairtpháipéar agus páipéar daite, marcóirí, siosúr, gliú agus pinn dhaite.

### **Samplaí de Léirithe ar Cholláis: Saoránacht**

- Leithcheal
- Ceart ar leith ón Choinbhinsiún um Chearta an Duine
- Cuimsiú

### **Samplaí de Léirithe ar Cholláis: Imeachtaí Stairiúla**

- An chéad tuirlingt ar an ghealach
- Guy Fawkes
- Cath an Somme

3. B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir critéir áirithe a leagan síos do gach colláis sa dóigh go mbeidh an ghníomhaíocht dúshlánach (.i. caithfidh líon áirithe dathanna, íomhánna agus focal a bheith sa cholláis agus caithfear í a dhéanamh taobh istigh de thréimhse ama ar leith, srl).

4. Nuair a bheidh an cholláis déanta, d'fhéadfadh na daltaí dul thart an seomra le hamharc ar obair na ngrúpaí eile. D'fhéadfadh siad buille faoi thuairim a thabhairt ar an fhocal, ar an mhórcheist nó ar an choincheap a bhí gach grúpa ag iarraidh a léiriú.
5. Thiocfadh le dalta amháin ó gach grúpa obair an ghrúpa a chur i láthair an ranga agus an fáth ar roghnaíodh gearrthóga áirithe as irisí agus focail áirithe a mhíniú.
6. Má bhíonn go leor ama ann, thig leis na daltaí piarmheasúnú a dhéanamh ar obair na ngrúpaí eile agus **Dhá Réalta agus Mian** in úsáid acu.
7. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus aird na ndaltaí a dhíriú ar an dóigh ar oibrigh siad ina ngrúpaí. Ar tugadh na ról amach go héifeachtach? Cé a bhí freagrach as súil a choinneáil ar an am, as acmhainní a bhainistiú, as an chur i láthair, as an chaighdeán a chinntiú? An ndearna na grúpaí a machnamh ar an phlean agus ar an dearadh sular thosaigh siad? Ar roghnaigh siad na hacmhainní uilig sular thosaigh siad? Nó ar fhorbair siad an cholláis de réir a chéile? Cé a chuir i láthair go héifeachtach é agus cad chuige?

# BEALACH AN CHOINSIASA

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Is straitéis rólghlacadh í seo a fhágann go bhfaigheann daltaí achoimre ghasta ar na mórcheisteanna uilig a bhaineann le hábhar áirithe. Tá buntáiste ag an straitéis seo ar an ghnáth-rólghlacadh sa dóigh gur féidir í a dhéanamh go measartha gasta. Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú ag daltaí níos óige nó ag daltaí lagchumais cionn is nach mbeidh siad rófhada sa ról. Chomh maith leis sin, ní chaithfidh siad a bheith ró-eolach ar an mhórcheist mar ní bheidh scríofa ar an chárta ach cé hiad agus cad é mar a mhothaíonn siad faoin chás áirithe atá á phlé. Féach **Línte Crá** le teacht ar ghníomhaíocht eile a bhfuil rólghlacadh gceist inti.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás measartha mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Mínigh an cás do na daltaí (m.sh. *rinneadh tromaíocht ar dhuine ar scoil agus thosaigh an tromaíocht arís sa chlub óige áitiúil. Iarradh ar an scoil dul i ngleic leis an fhadhb*).
2. Tabhair rólchárta do gach dalta a chuireann in iúl cé hiad agus a chuireann síos go hachomair ar an chás (m.sh. *an bulaí, an t-íospartach, cara an íospartaigh, cairde an bhulaí, tuismitheoir, oibrí don aos óg, múinteoir foirme, srl*).
3. Cuir na daltaí ina seasamh in dhá líne os comhair a chéile, agus bealach eatarthu.
4. Roghnaigh dalta agus iarr air/uirthi a ról a chur in iúl.
5. Iarr ar na daltaí eile smaoineamh ar ráiteas amháin ba mhaith leo a rá leis an duine seo.
6. Ansin, siúlann an dalta a roghnaíodh idir na línte agus léann gach dalta a ráiteas. (*B'fhéidir go mbeadh ort é seo a dhéanamh roinnt uaireanta, agus na daltaí a spreagadh leis "an ról a ghlacadh"*).
7. Mar chuid den mioncheistiú, fiafraigh den dalta a roghnaíodh cad iad na hargóintí a chuaigh i gcionn air/uirthi agus cad é a shíl sé/sí den chás.
8. Is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh arís agus daltaí eile a roghnú le siúl i ról síos "Bealach an Choinsiasa".

# ROTH NA NIARMHAIRTÍ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriteach
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar iarmhairtí díreacha agus ar iarmhairtí den dara hord a bhaineann le himeacht nó le gníomh áirithe. Déanann na daltaí na hiarmhairtí seo a mhapáil. Féach **Straitéis Cnámh Éisc** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina mbíonn ar dhaltaí cúiseanna agus éifeachtaí a fhiosrú.


## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Scríobhann na daltaí an príomhimeacht nó an príomhghníomh i giorcal i lár leathanaigh (féach an sampla).

### Imeachtaí nó Gníomhartha Samplacha:

- Téamh Domhanda
- Daoine gan dídean (easpa dídine)
- An Cogadh san Iaráic
- Clónáil Daoine

2. Scríobhann na daltaí iarmhairt dhíreach a bhaineann leis an imeacht i giorcal eile atá ceangailte den phríomhchiorcal le líne amháin. Déanann na daltaí iarracht teacht ar a oiread iarmhairtí agus is féidir.
3. Ansin déanann na daltaí machnamh ar iarmhairtí den dara hord. Tarraingítear iad seo i giorcail agus ceanglaítear leis na hiarmhairtí díreacha iad le línte *dúbailte*. Úsáidtear trí líne i gcás iarmhairtí den tríú hord, srl.
4. Thiocfadh leis na daltaí na ciorcail a dhathú de réir cén cineál iarmharta atá i gceist – iarmhairt dhearfach nó dhiúltach.
5. Mar chuid de sheisiún aiseolais, d'fhéadfaí iarmhairtí na ndaltaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, agus fiosrú níos mine a dhéanamh ar mhórchéisteanna eile a thagann chun cinn trí **Gach Rud san Áireamh** a úsáid, mar shampla.
6. B'fhéidir go mbeadh **mioncheistiú** ina chuidiú i ndiaidh na gníomhaíochta seo.



# TÓGÁIL BALLAÍ

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo déanann daltaí machnamh ar na pointí is ábhartha agus mórcheist á plé acu. Ina dhiaidh sin iarrtar ar na daltaí smaointe agus eolas ar an ábhar a chur in ord tosaíochta agus na roghanna acu a phlé agus a mhíniú. Féach **Rangú Cártaí, Tonnadóir Smaointe, Crios Bainteachta** nó **Pirimid Tosaíochtaí** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le hord tosaíochta. D'fhéadfaí **Bailiúchán Poistíní** a dhéanamh roimh an ghníomhaíocht seo le smaointe a spreagadh sula gcuirfí in ord tosaíochta iad.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga


- Thig le daltaí a bheith ag obair ar chlár, ar spás ar an bhalla nó ar bhileog mhór pháipéir. De rogha air sin, d'fhéadfaidh grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla agus leathanaigh A3 nó A4 in úsáid acu.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Thig le daltaí bheith ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar tacar cártaí do gach grúpa ar a bhfuil focail, nathanna nó pictiúir a bhaineann le mórcheist áirithe. Ina áit sin, thioctadh leis na daltaí a gcuid smaointe féin a scríobh ar pháipéir nó ar phoistíní agus iad a úsáid leis an bhalla 'a thógáil'.
3. Tugtar Teimpléad Balla a bhfuil mórcheist ar a bharr do gach grúpa (féach an sampla anseo thíos). De rogha air sin, thioctadh le gach grúpa a Bhalla féin a tharraingt.
4. Déanann na daltaí mionscagadh ar na cártaí (nó ar a gcuid poistíní féin) agus socraíonn siad mar ghrúpa ar cé chomh hábhartha agus atá gach ceann acu maidir leis an mhórcheist. Is iad na tosca is tábhachtaí a chuirtear ag an bhun, na tosca is lú tábhacht ag an bharr srl.
5. Tugann na grúpaí aiseolas ar na cinntí ansin agus déanann siad a gcuid roghanna a chosaint más rud é nach bhfuil siad ag teacht le cinntí grúpa eile.
6. Mar ghníomhaíocht shínte, b'fhéidir gur mhaith leis na daltaí **Straitéis Cnámh Éisc** nó **Roth na nIarmhairtí** a úsáid leis na pointí is ábhartha, dar leo, a fhiosrú go mion.

### Teimpléad Balla Samplach: An Domhan Thart Orainn

### Teimpléad Balla Samplach – Cad chuirge ar leagadh Balla Bheirlín?



# MAITRÍS CHRUTHAITHEACH

## Scileanna

- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadbhréiteach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach ar roinnt cásanna, barúlacha, smaointe agus imeachtaí (samhailteacha). Spreagtar scileanna smaointeoireachta agus scileanna fadhbréitigh agus bíonn deis ag daltaí mórcheisteanna a fhiosrú ó pheirspictíochtaí nua. Bíonn daltaí ag obair i ngrúpaí le roghanna eile a fhiosrú agus le smaointe daoine eile a úsáid ar dhóigh dhearfach chruthaitheach.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear maitrís de chásanna féideartha atá bunaithe ar mhórcheist áirithe i láthair na ndaltaí:

### MAITRÍS CHRUTHAITHEACH - MO PHOBAL

<b>Fadhb: Cén fhadhb?</b>	alcól/ mí-úsáid drugaí	caitheamh tobac	ciníochas	foréigean	truailleú
<b>Daoine: Cé hiad?</b>	pinsinéirí	tuismitheoirí	mionlaigh eitneacha	teaghlaigh	déagóirí
<b>Áit: Cá háit?</b>	ar obair	ar scoil	sa bhaile mhór	sa teach	ar saoire

2. D'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí na cásanna is dóichí agus na cásanna is éadóichí, dar leo, a aithint agus rogha amháin as gach ceann de na sraitheanna thuas a roghnú agus a chur le chéile. Mar shampla:

- **Is dóichí = mí-úsáid alcóil - déagóirí - ar saoire**
- **Is éadóichí = foréigean - pinsinéirí - ar obair**

3. D'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí na roghanna acu a mhíniú agus iad ag cur a gcuid freagraí i gcomparáid agus i gcodarsnacht le freagraí grúpaí eile, agus a fhiosrú cé acu a d'fhéadfadh an cás is éadóichí tarlú am ar bith nó nach bhféadfadh.

4. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a úsáid mar uirlis phleanála le cruthaitheacht a spreagadh le réimse smaointe;

## MAITRÍS CHRUTHAITHEACH

Cén cineál bia lena mbeadh an brabús is mó i gceist?

<b>Cineál:</b>	Indiach	Francach	Éireannach	Síneach	Iodálach
<b>Daoine:</b>	pinsinéirí	daoine gairmiúla	mionlaigh eitneacha	teaghlaigh	déagóirí
<b>Cén dóigh?</b>	ar chrios iompair	béilí ar rothaí	tiomáin tríd	pioc agus measc	déan féin é ag stáisiún peitрил

Arís anseo, d'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí an gnó is mó brabús agus an gnó is lú brabús a roghnú:

Sampla: **Gnó is mó brabús = Indiach – daoine gairmiúla - ar chrios iompair**  
**Gnó is lú brabús = Francach – déagóirí – béilí ar rothaí**

5. Mar chuid den **mhioncheistiú** i ndiaidh na gníomhaíochta, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí a bheith ag machnamh ar an dóigh ar oibrigh siad i ngrúpaí – an raibh na grúpaí ábalta na smaointe acu a fhorbairt? Cad é mar a rinne na grúpaí an plé a struchtúró? An raibh éascaitheoir ann? Ar baineadh comhaontú amach, má baineadh, cén dóigh ar baineadh amach é?
6. B'fhéidir go spreagadh an ghníomhaíocht seo na daltaí le hábhair bhainteacha eile a fhiosrú. B'fhéidir go mbeadh **Gach Rud san Áireamh, Buntáiste–Míbhuntáiste -Suimiúil, Dearcadh Daoine Eile, agus Cad é do Bharúil?** ina gcuidiú le cur le tuiscint na ndaltaí ar na mórcheistean a éiríonn as **Maitrís Chruthaitheach**.

## AN SPRIOC A BHUALADH

### Scileanna

- Féinbhainistiú

### Cad é atá ann?

- Is é atá i gceist leis an teicníc mheasúnaithe seo, dóigh áisiúil ghasa le haiseolas a fháil ar ghníomhaíocht nó ar imeacht. Teicníc neamhbhriathartha atá ann agus níl scríbhneoireacht ar bith i gceist.


### Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má chuirtear spriocanna ar fud an tseomra, beidh ar na daltaí a bheith ábalta bogadh thart an seomra go héasca. De rogha air sin, d'fhéadfaí na spriocanna a chur ag barr an tseomra.

### Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tarraingítear sprioc a bhfuil trí cinn nó níos mó de chiorcail comhlárnacha ann ar chlár nó ar smeach-chairt.
2. Cuirtear an cheist mheastóireachta a bhaineann leis an sprioc ar bharr an leathanaigh.
3. Tugtar cnaipe greamaitheach do na daltaí lena chur ar an sprioc. Dá mhéad a aontaíonn siad leis an cheist, is amhlaidh is cóngaraí do lár na sprice a chuirfidh siad an cnaipe. Má tá na daltaí amhrasach faoin ghníomhaíocht thig leo an cnaipe a chur sa dara ciorcal ón lár. Má shíleann siad nach bhfuil maith ar bith sa ghníomhaíocht thig leo an cnaipe a chur sa chiorcal is faide amach ón sprioc.

### Ar thaitin an ghníomhaíocht seo leat?





# RANGÚ MUILEATA

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Is gníomhaíocht í seo le haghaidh grúpaí beaga ina gcuirtear eolas agus smaointe in ord tosaíochta. Is féidir í a úsáid mar ghníomhaíocht leantach, i ndiaidh seisiún bailithe eolais ar nós **Bailiúchán Poistíní** nó **Ransú Smaointe**. Spreagtar daltaí le bheith ag machnamh ar na fáthanna a dtugann siad tús áite do mhórchesteanna áirithe agus leis na fáthanna seo a chur in iúl. Féach **Rangú Cáirtaí** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina gcuirtear rudaí in ord tosaíochta.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le daltaí a bheith ag obair ar chlár nó ar spás ar an bhalla. De rogha air sin, d'fhéadfadh grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Faigheann daltaí naoi smaoinemh bunaithe ar cheist áirithe (nó scríobhann siad iad roimh ré) ar chairtpháipéar nó ar phoistíní.
2. Cuireann siad an chéad chárta tosaíochta acu ag an bharr, ansin cuireann siad dhá chárta sa dara háit, trí chárta sa tríú háit, dhá chárta eile sa cheathrú háit agus an cárta is lú tosaíocht acu ag an bhun. Déantar cruth muileata ar an dóigh seo.
3. Ba chóir go mbeadh na daltaí ag iarraidh teacht ar chomhaontú eatarthu féin. B'fhéidir go mbeadh orthu ord na gcártaí a phlé agus a mhíniú.
4. Is féidir gníomhaíochtaí amhail **Cúig Cheist** a úsáid leis na tosaíochtaí a fhiosrú a thuilleadh.

### Smaointe Samplacha:

- Cad é mar a thig linn an ráta coireachta a laghdú?
- Dóigheanna le truailliú na timpeallachta a chosc
- Na bóithre a dhéanamh níos sábháilte

# VÓTÁIL CNAIPÍ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Is é atá i gceist leis an teicníc mheastóireachta seo, dóigh áisiúil ghasta le smaointe nó roghanna a chur in ord tosaíochta. Féach an **Tonnadóir Smaointe** le teacht ar ghníomhaíocht ina n-iarrtar ar dhaltaí tosaíochtaí a mhíniú.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Ba chóir go mbeadh smeach-chairt, clár nó osteilgeoir ar fáil ag barr an tseomra. De rogha air sin, d'fhéadfaí bileog pháipéir ón smeach-chairt a chur thart.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ar smeach-chairt, clár nó tréshoilseán osteilgeora, scríobhtar roinnt roghanna nó smaointe mar fhreagairt ar cheist áirithe.
2. Faigheann na daltaí trí chnaipe ghreamaitheacha an duine.
3. Caithfidh siad na trí chnaipe acu a chur in aice leis na smaointe nó na roghanna is tábhachtaí, dar leo féin. De rogha air sin, d'fhéadfadh siad cnaipí a bhfuil dathanna éagsúla orthu a úsáid leis na roghanna is mó tábhacht agus na roghanna is lú tábhacht, dar leo féin, a aithint (.i. dearg = is lú tábhacht, glas = is mó tábhacht).
4. D'fhéadfaí tasc sínte ar nós **Buntáiste-Míbhuntáiste-Suimiúil, ABC** agus **Gach Rud san Áireamh** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo.
5. B'fhéidir go mbeadh **mioncheistiú** ina chuidiú lena fháil amach cad chuige a ndearna na daltaí roghanna áirithe thar roghanna eile.

# TEICNÍCÍ DRÁMAÍOCHTA

## Scileanna

- Smaointeoireacht
- Bheith Cruthaitheach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Sna gníomhaíochtaí seo thíos, cuirtear béim ar theicnící drámaíochta a úsáid mar uirlisí foghlama. B'fhéidir go mbeadh siad seo ina gcuidiú le daltaí a spreagadh le hábhair agus mórcheisteanna a fhiosrú go mion. Féach **An Suíochán Te, Tableau, Fráma Reoite, Línte Crá** agus **Bealach an Choinsiasa** le teacht ar mhodheolaíochtaí eile a bhaineann le drámaíocht.

## Hata an tSaineolaí

1. Caithfidh na daltaí taighde a dhéanamh ar ábhar, mar atá mórcheist reatha nó déantán, agus é mar aidhm acu bheith ina saineolaithe air.
2. Ansin caithfidh na daltaí ról an tsaineolaí a ghlacadh os comhair na ndaltaí eile agus cuirtear ceisteanna orthu faoin sainábhar.

## Malartú Róil

- Deanann grúpa amháin iarracht a chur in iúl cad é mar a phléifeadh an grúpa eile le cás ar leith nó cad é mar a d'fhreagródh siad dó, dar leo.

## Vox Pop

- Cuireann na daltaí agallaimh ghairide ar a chéile maidir le hábhair bhainteacha.

## Smaointe a Fhorbairt

- Is féidir an teicníc seo a úsáid in éineacht le **Fráma Reoite** nó **Tableau**. Thig le dalta carachtar nó suíomh a fhorbairt trí thobchumadóireacht a dhéanamh, amhail monalóg.

## Dráma Díospóireachta

1. Cuireann grúpa daltaí dráma i láthair.
2. Amharcann na daltaí eile ar an dráma.
3. Thig leis na haisteoirí nó leis an lucht féachana an dráma a stopadh ag am ar bith le mórcheisteanna a thagann chun cinn a phlé nó a chur in oiriúint.
4. Is féidir ról bhreise a chur leis, agus/nó thig leis an lucht féachana na ról atá ann cheana féin a ghlacadh.

# TEAGASC RUD FOGHLAIM RUD

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Seo dóigh eile le cuid mhór faisnéise fíorasáí a chur i láthair na ndaltaí. In ionad an múinteoir a bheith ag tabhairt léachta, roinneann na daltaí mír áirithe faisnéise a bhaineann leis an ábhar lena gcomhpháirtithe. Féach **Cnuasghrúpaí** le teacht ar ghníomhaíocht áisiúil eile ina mbíonn faisnéis á haistriú.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, má tá na daltaí ina suí ag táblaí ina ngrúpaí de cheathrar, thig le beirt acu dul isteach i ngrúpa eile nuair a bheidh an t-am istigh.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar píosa páipéir ar a bhfuil fíric nó staitistic áirithe do gach dalta. Leis seo a dhéanamh mar is ceart ba chóir go mbeadh ráiteas éagsúil ag gach dalta.
2. Léann na daltaí an ráiteas acu lena chinntiú go dtuigeann siad é.
3. Bogann siad thart leis an ráiteas acu a roinnt leis na daltaí eile. Ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh an fhíric nó an figiúr a roinnt leis an oiread daoine agus is féidir.
4. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh le cur leis an mhíniú trí shamplaí a lua, mas cuí sin, nó tríd an ráiteas acu a nascadh le ráiteas daltaí eile.
5. I ndiaidh dóibh go leor ama a chaitheamh ar na fíricí a chur in iúl, d'fhéadfá na daltaí a chur i ngrúpaí beaga leis an fhaisnéis a fuair siad le linn na gníomhaíochta seo a rangú.
6. Thiocfadh leis na daltaí an córas rangaithe acu a mhíniú mar chuid den **mhioncheistiú** i ndiaidh na gníomhaíochta.
7. D'fhéadfaí iarraidh orthu chomh maith an dóigh a ndeachaigh na fíricí/staitisticí éagsúla i bhfeidhm orthu a roinnt leis na daltaí eile. Cad é a chuir iontas orthu? Cad é a chuir uafás orthu? Ar mhothaigh siad brónach nó sona mar gheall ar ráiteas ar leith? Cad iad na rudaí ar léirigh siad suim iontu?
8. D'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí chomh maith a bheith ag smaoineamh ar a gcuid foghlama féin. Cad iad na píosaí eolais ab fhusa dóibh cuimhneamh orthu agus cad chuige? Cad é an rud ba dheacra?
9. D'fhéadfaí na príomhthorthaí ar na gníomhaíochtaí mioncheistithe uilig a scríobh ar chlár nó smeach-chairt.

# FÍRIC nó BARÚIL

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriteach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo iarrtar ar dhaltaí cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu fíric nó barúil atá i gceist. I sochaí iolríoch, is scil thábhachtach é a bheith ábalta idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus barúil atá bunaithe ar fhianaise. Sa ghníomhaíocht dhúshlánach seo spreagtar daltaí le machnamh a dhéanamh ar chineál an eolais – is minic nach mbeidh freagra soiléir ann. Bíonn na daltaí ag obair i ngrúpaí leis an seasamh acu a phlé. Leis an ghníomhaíocht seo a dhéanamh go héifeachtach ba chóir **mioncheistiú** a dhéanamh ina diaidh.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear roinnt ráiteas atá bunaithe ar mhórchéist áirithe i láthair na ndaltaí. Ina measc bheadh ráitis ar an seasamh atá ag na daoine leasmhara ar dhá thaobh na mórchéiste atá faoi chaibidil.

### Ábhar: An Domhan Thart Orainn – Feirmeacha Gaoithe

- Is ó fhoinní malartacha a fhaightear níos lú ná 3% de leictreachas na Breataine.
- Is ón dá dhamba hidrileictreacha in Albain a fhaightear an chuid is mó de Leictreachas sa RA a ghintear ó acmhainní in-athnuaite.
- Tá Éire agus an Bhreatain ar na háiteanna is gaofaire san Eorap agus luíonn sé le ciall, mar sin, feidhm a bhaint as an fhuinneamh seo.
- Ní i gcónaí a bhíonn an ghaoth ag séideadh agus bheadh orainn teicneolaíocht cadhnra a úsáid leis an fhuinneamh a stóráil, agus tá sé seo costasach.

2. Déanann na daltaí anailís ar na ráitis agus socraíonn siad ar cé acu fíric nó barúil atá i gceist. Déanann siad machnamh ar dhóigheanna lena rogha a chosaint agus cuireann siad iad seo i láthair an ranga mar chuid de sheisiún aiseolais. Thiofadh leis na daltaí cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir cinní na ngrúpaí a phlé go mion ansin.
3. Mar chuid den **mhioncheistiú**, thiofadh leis na daltaí aird a thabhairt ar na próisis trína ndearnadh na cinní. Cén dóigh a ndearna an grúpa cinneadh áirithe? An raibh tuairimí éagsúla ann? Ar baineadh comhaontú amach? An ndearnadh cinní a chosaint go héifeachtach? Ar cuireadh cinní in iúl go héifeachtach? Ar tugadh ról ar leith do dhaoine áirithe taobh istigh den ghrúpa?
4. Ag brath ar aiseolas, b'fhéidir gur mhaith leis na daltaí na mórchéisteanna a fhiosrú a thuilleadh agus cur chuige **Buntáiste-Míbhuntáiste-Suimiúil** nó **Gach Rud San Áireamh** in úsáid acu. D'fhéadfaí **Roth na nIarmhairtí** nó **Straitéis Cnámh Éisc** a úsáid chomh maith le cúis agus iarmhairt a fhiosrú.

# STRAITÉIS CNÁMH ÉISC

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriéiteach

## Cad é atá ann?


- Úsáidtear iarmhairt áirithe mar thúsphointe agus spreagtar na daltaí leis na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an iarmhairt a mheas agus a liostú.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le daltaí a bheith ag obair ar chlár nó ar spás ar an bhalla. De rogha air sin, thiocfadh le grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí i ngrúpaí beaga agus tugtar leathanach dóibh ar a bhfuil imlíne de chnámharlach éisc.
2. Cuireann na daltaí an iarmhairt ag ceann an chnámharlaigh.
3. Seasann na ceithre líne faoi chlór trom (nó na cnámha éisc) do na príomhchúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann.
4. Cuireann na 'cnámha' cothrománacha tuilleadh sonraí leis na príomhchúiseanna.



# DORN-GO-CÚIGEAR

## Scileanna

- Féinbhainistiú

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht shimplí seo spreagtar daltaí lena chur in iúl cé chomh maith agus a d'éirigh leo na cuspóirí a bhaint amach faoi dheireadh ceachta nó seisiúin. Thig le daltaí í a úsáid chomh maith lena chur in iúl a mhuiníní atá siad go bhfuil an freagra ceart acu ar cheist a chuir an múinteoir/an t-éascaitheoir. Sa chás deiridh, fágann an ghníomhaíocht seo gur féidir tuiscint a mheas ar an toirt. Féach **Uirlis Ordóige** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina spreagtar daltaí le bheith ag machnamh ar a gcuid foghlama.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. I ndiaidh seisiúin, fiafraítear de na daltaí cé chomh muiníneach agus atá siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu. Is féidir ceann amháin de thrí ghotha láimhe a úsáid:
  - Lámh iomlán idir mhéara agus ordóg in airde má tá siad muiníneach go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu;
  - Trí mhéar in airde má shíleann siad nár éirigh leo ach cuid de na cuspóirí a bhaint amach, agus go mbeidh tuilleadh oibre de dhíth; nó
  - Gan ach dorn in airde má shíleann siad nach bhfuil mórán dul chun cinn nó nach bhfuil dul chun cinn ar bith déanta acu maidir leis na cuspóirí a bhaint amach.
2. Má tá an uirlis in úsáid mar fhreagra ar cheist ar leith a chuir an múinteoir le linn an cheachta, is féidir go mbeidh na ráitis thíos i gceist:
  - Lámh iomlán idir mhéara agus ordóg in airde má tá siad muiníneach go bhfuil an freagra acu;
  - Trí mhéar in airde má tá cuid den fhreagra acu nó mura bhfuil siad iomlán cinnte go bhfuil an freagra beacht acu; nó
  - Gan ach dorn in airde má tá siad cinnte nach bhfuil an freagra acu.
3. Má úsáidtear an uirlis ag deireadh seisiúin, is féidir **mioncheistiú** a dhéanamh ar mhórcheisteanna mar atá, cén dóigh ar baineadh an cuspóir amach, cad iad na rudaí eile ba mhaith le daltaí a bhaint amach, agus cén dóigh a ndéanfadh siad é seo, cad iad na rudaí a chuir bac orthu an sprioc a bhaint amach agus cad é is féidir a dhéanamh leis seo a sheachaint.

# CÚIG CHEIST

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?


- Is gníomhaíocht bhailithe eolais í seo a fhágann go mbíonn deis ag daltaí mórcheist a fhiosrú go mion nó í a bhriseadh anuas ina fothéamaí nó ina tascanna níos lú. Bíonn deis ag daltaí ábhair chasta a iniúchadh. Bíonn deiseanna ann le gach cineál féidearthachta a fhiosrú, rud a bhféadfadh pleanáil gnímh agus leagan amach spriocanna a bheith i gceist leis. Féach **Ransú Smaointe** agus **Bailiúchán Poistíní** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina ndéantar eolas a bhailiú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tá bileog mhór pháipéir agus marcóir de dhíth.
2. Cuirtear ceist ar na daltaí dar tús ‘Cén dóigh’ nó ‘Cad chuige’.
3. Scríobhtar moltaí ar smeach-chairt.
4. Úsáideann an múinteoir an focal a bhí sa cheist le smaointe a fhorbairt agus le smaointe eile a fhiosrú.
5. Leanann an múinteoir de bheith ag cur ceisteanna ar an dóigh chéanna go ndéanfar an smaoineamh/an moladh a fhiosrú ina iomláine.

### Coincheap Foghlama: Saoránacht Áitiúil

- **Cén dóigh** a dtig linn daoine óga a spreagadh le bheith páirteach sa phobal?
  - Mórcheisteanna a bhfuil suim ag daoine óga iontu a chur chun cinn.
- **Cén dóigh** a dtig linn mórcheisteanna a chur chun cinn?
  - Aird a dhíriú ar mhórcheisteanna a bhaineann le daoine óga.
- **Cén dóigh** a dtig linn aird a dhíriú ar mhórcheisteanna?
  - Fóram ar líne a fhorbairt.
- **Cén dóigh** a dtig linn fóram ar líne a fhorbairt?





# FRÁMA REOITE

## Scileanna

- Ag Obair Le Daoine Eile
- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Is uirlís mhaith í seo le daltaí a spreagadh le bheith páirteach i bplé ar mhórcheist áirithe. Iarrtar ar dhaltaí mórcheist/imeacht ar leith a léiriú mar a bheadh grianghraf ann. Féach **Tableau** le teacht ar ghníomhaíocht eile atá cosúil leis an cheann seo.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí i ngrúpaí beaga.
2. Iarrtar orthu mórcheist/imeacht ar leith a léiriú mar a bheadh grianghraf ann.
3. Thig leis na daltaí a bheith ag obair le chéile mar ghrúpa le plé a dhéanamh ar a bhfuil le léiriú acu agus ar an chuma a bheadh air seo i bhfráma reoite.
4. De rogha air sin, thiofadh le daltaí ról a ghlacadh agus, nuair a thugann an múinteoir an t-ordú, stopadh láithreach mar a bheadh fráma reoite ann.
5. Thiofadh le grúpaí bogadh thart ar a seal le hamharc ar fhrámaí reoite na ngrúpaí eile.
6. D'fhéadfaí **mhioncheistiú** a dhéanamh le haird a dhíriú ar an chineál comharthaíochta coirp a bhí in úsáid sa fhráma reoite, ar cad chuige ar léirigh na daltaí an radharc ar dhóigh áirithe, agus ar cad chuige a léireodh daoine eile ar dhóigh eile é.
7. Mar ghníomhaíocht shínte, thiofadh leis na grúpaí gnéithe éagsúla de mhórcheist áirithe a léiriú agus grianghraif a ghlacadh le scéal grianghraf a dhéanamh.

### Fráma Reoite: Cásanna Samplacha

- Ag diúltú do phiarbhrú, mar shampla, toitín nó alcól a dhiúltú
- Dráma a dhéanamh bunaithe ar cheart ar leith ón Choinbhinsiún um Chearta an Duine
- Ag cuidiú le cara

# CÉIMEANNA OLLMHÓRA

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Bíonn an ghníomhaíocht seo ina cuidiú le tuairimí agus mothúcháin éagsúla ar mhórchéist áirithe a fhiosrú. Is féidir í a úsáid le tús a chur le hábhar áirithe agus le suim agus buntuisct na ndaltaí maidir le mórchéist a thomhas. Caithfidh na daltaí seasamh a ghlacadh ar mhórchéist, rud a fhágann go mbíonn guth ag gach duine acu, fiú mura labhraíonn siad amach. Is ionann aidhmeanna na gníomhaíochta seo agus aidhmeanna na ndíospóireachtaí siúil ar nós **Díospóireacht na gCeithre Chúinne**.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Seasann na daltaí i líne fhada. Le go rachaidh na daltaí isteach sa líne agus le tús a chur le díospóireacht, thig leis an éascaitheoir iarraidh orthu líne a dhéanamh bunaithe ar an mhórchéist atá idir lámha acu. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí líne a dhéanamh ón duine is dóchasaí go dtí an duine is éadóchasaí, ón duine is eagraithe go dtí an duine is mí-eagraithe, srl. Ba chóir go mbeadh na daltaí ábalta a n-áit sa líne a chosaint.
2. Agus na daltaí uilig ina seasamh sa líne, léann an t-éascaitheoir ráiteas amach. Seo thíos roinnt samplaí:

### Ábhar: Forbairt Phearsanta

- Ba chóir go ndéanadh daoine cibé rud a dhéanann a gcuid cairde, fiú nuair atá a fhios acu go bhfuil sé mícheart
- Tá sé ceart go leor bheith i d'ailibí do chara
- Tá ardmheas orthu féin ag daoine a dhéanann tromaíocht

3. Tugann an dalta céim ansin bunaithe ar cé chomh compordach agus a mhothaíonn se/sí faoin mhórchéist nó bunaithe ar cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé/sí leis an ráiteas. Mura n-aontaíonn siad nó má tá siad míchompordach amach is amach leis, tugann siad céim siar. Má aontaíonn siad/má tá siad compordach, tugann siad céim chun tosaigh. Mura bhfuil siad cinnte fanann siad san áit a bhfuil siad. Thig leo céim bheag nó céim mhór a thabhairt lena chur in iúl cé chomh compordach nó cé chomh míchompordach agus a mhothaíonn siad. Má thugann dalta céim bheag chun tosaigh, mar shampla, d'fhéadfadh sin a chur in iúl go n-aontaíonn sé/sí ach nach bhfuil sé/sí iomlán cinnte.

4. Ba chóir do na daltaí an fáth ar thug siad céim áirithe a mhíniú. D'fhéadfaí tuairimí a fháil ó na daltaí sin a bhog chun tosaigh, ó na daltaí a bhog siar, agus ó na daltaí a d'fhan mar a raibh siad chomh maith.
5. D'fhéadfaí ceisteanna cúnata a úsáid le mórcheisteanna níos casta a fhiosrú agus le míniú níos fearr a fháil ar an chéad ráiteas.
6. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo le plé a dhéanamh ar na mórcheisteanna sin a raibh comhaontú ann ina leith agus ar na mórcheisteanna nár aontaigh gach duine orthu.

# CLÁR GRAIFÍTÍ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbreiteach

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí lena gcuid smaointe, mothúchán, agus moltaí ar ábhar áirithe a thaifeadadh. Tá an mhodheolaíocht seo cosúil le **Clár na bhFreagraí Casta**.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Beidh spás mór de dhíth ar bhalla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Bíonn clár graifítí ann áit éigin sa seomra ar a dtig le daltaí a gcuid smaointe ar na mórcheisteanna atá faoi chaibidil a thaifeadadh.
2. Is féidir iarraidh ar na daltaí cur leis an chlár graifítí ag amanna éagsúla agus cur chuige ABC a úsáid lena chur in iúl cad é atá 'ar eolas' acu faoin mhórcheist, cad é 'ba mhaith leo' a fhoghlaim agus 'cad é' a d'fhoghlaim siad.
3. Is féidir rud ar bith a deirtear mar chuid den **mhioncheistiú** a nótail fosta.
4. Ba chóir go dtuigfeadh na daltaí go bhfuil cead acu cur leis an chlár graifítí ag am ar bith agus iad ag dul don ábhar.
5. D'fhéadfaí an clár graifítí a úsáid i ndiaidh don rang an t-ábhar a chríochnú le hachóimre a dhéanamh ar mhórcheisteanna agus le tátail a bhaint amach.

# LÍNTE CRÁ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Is straitéis rólghlacadh í seo a fhágann gur féidir dearcthaí i dtaca le hábhar nó téama áirithe a fhiosrú. D'fhéadfaí í a úsáid le tabhairt faoi mhórchéisteanna a bhaineann le cásanna coimhlinte agus cásanna réitigh go háirithe.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás measartha mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déantar dhá ghrúpa den rang.
2. Déanann an dá ghrúpa dhá líne os comhair a chéile.
3. Tugtar ról do na daltaí sa chéad líne.
4. Tugtar ról eile do na daltaí sa dara líne.
5. Mínítear an cás dóibh.
6. Ansin, ba chóir do gach péire an cás a léiriú.
7. Thig leis an mhúinteoir “stopaigí” a scairteadh ag am ar bith. Ba chóir do na daltaí fanacht mar a bhfuil siad (fágann sé seo gur féidir comharthaíocht choirp a anailísiú agus a phlé).
8. Má bhíonn go leor ama ann, is féidir na ról a mhalartú.
9. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh agus na ceisteanna seo a leanas a chur: cad é mar a mhothaigh tú agus tú sa ról sin? An bhfuil réiteach maith ag duine ar bith le roinnt leis an rang?
10. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh arís ach cásanna eile a úsáid.

# BALÚN AEIR THE

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbrioteach
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le pleanáil a dhéanamh. Spreagtar daltaí le tabhairt faoi mhórchéist, leis na himpleachtaí a bheadh i gceist a fhiosrú ar dhóigh chuimsitheach agus le cur chuige struchtúrtha a úsáid le hullmhúchán agus pleanáil a dhéanamh san am atá le teacht.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le daltaí a bheith ag obair ag clár nó ag spás ar an bhalla. De rogha air sin, d'fhéadfadh grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar pictiúr de bhalún aeir the do na daltaí.



2. Tugtar roinnt ceisteanna struchtúrtha a bhaineann le mórchéist áirithe do na daltaí, mar atá:
  - **Cé a chaithfidh a bheith sa bhalún?** Scríobhann na daltaí ainmneacha na ndaoine is tábhachtaí i dtaca leis an mhórchéist de - daoine a chaithfidh a bheith ar bord le go rachaidh sé áit éigin.
  - **Cad é a bheidh le déanamh le go n-éireoidh leis an togra?** Ar an bhalún é féin, déanann na daltaí nóta de gach rud a shíleann siad a bheidh riachtanach le go n-éireoidh leis an togra (pleanáil).
  - **Cad é atá á choinneáil siar?** Taobh leis an ancaire déanann na daltaí nóta de na mórchéistean a d'fhéadfadh bac a chur ar an togra ag an tús.
  - **Cad é a chuirfidh faoi lán seoil é?** Os cionn an bhalúin aeir the déanann na daltaí nóta de na rudaí a fhágfaidh go mbeidh an togra éifeachtach, mar shampla, tiomantas, spreagadh agus cruthaitheacht.
  - **Cad é a chuirfeadh an balún dá chúrsa?** Ar gach taobh den bhalún déanann na daltaí nóta de na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann.
3. Ansin, thiocfadh leis na daltaí na balúin acu a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile le cur lena gcuid scileanna pleanála.
4. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí eile ar nós **Cúig Cheist** a úsáid le smaointe a fhiosrú go mion.

# AN SUÍOCHÁN TE

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Is féidir leis an ghníomhaíocht chruthaitheach seo a dhéantar i ról, a bheith ina cuidiú le plé a spreagadh ar mhórchéist áirithe agus le heolas a roinnt.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Ba chóir go gcuirfí suíochán te amháin os comhair an ghrúpa. De rogha air sin, d'fhéadfaí an suíochán te a chur i lár ciorcail le hidirghníomhú níos suaimhní a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Iarrtar ar dhaltaí ról áirithe a ghlacadh orthu féin nó smaoiníonn siad féin ar ról a bhaineann leis an mhórchéist.
2. Thig leis na daltaí taighde a dhéanamh ar an ról i ngrúpaí nó ina n-aonar.

### **Carachtair/Róil a d'fhéadfaí a úsáid:**

- Duine óg a bhfuil *ASBO* acu
- Trúpaí UN san Afganastáin
- Úinéir monarchan san India a bhfuil páistí fostaithe aige
- Anraí VIII

3. Spreagtar iad le ceistanna dúshlánacha a chumadh don duine sa suíochán te.
4. Cuirtear an carachtar atá i gceist sa suíochán te agus cuireann na daltaí eile ceistanna air/uirthi. B'fhéidir go mbeadh sé seo ina chuidiú ag daltaí ionbhá a léiriú le duine nó le dearcadh ar leith, go háirithe le dearcadh atá éagsúil lena ndearcadh féin.
5. D'fhéadfaí smaoinemh nó mórchéist a chur sa suíochán te, an cogadh san Iaráic mar shampla, nó clónáil daoine, nó úsáid feirmeacha gaoithe. Agus an teicníc seo in úsáid, thig le duine ar bith sa rang freagra a thabhairt. De rogha air sin, i gcás an tsampla deiridh, d'fhéadfaí cuireadh a chur ar mhúinteoir tíreolaíochta a d(h)earcadh a chur in iúl agus é/í sa suíochán te.
6. D'fhéadfaí an teicníc seo a úsáid le cluiche tomhais a imirt ina mbeadh ar na daltaí an duine sa suíochán te a aithint.

7. Mar chuid den **mhioncheistiú** i ndiaidh na gníomhaíochta, d'fhéadfaí fiafraí de na daltaí cad é a d'fhoghlaim siad, cad é a bhí suimiúil, agus ar mhaith leo dúshlán an duine sa suíochán te a thabhairt faoi rud éigin a dúirt sé/sí.
8. Bíonn sé ina chuidiú ag múinteoirí/éascaitheoirí na bearnaí a aimsiú ó thaobh eolas na bpáistí de agus díriú ar an phleanáil a bheidh de dhíth don am atá le teacht. Thiocfadh le daltaí greille **ABC** a chruthú le hobair a phleanáil don am atá le teacht maidir leis an mhórchéist atá faoi chaibidil.
9. Mar chluiche iomaíoch eile, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí taighde a dhéanamh ar ábhar nó ar charachtar áirithe. Ansin d'fhéadfaí iad a chur sa suíochán te ar feadh bomaite amháin leis an oiread eolais agus is féidir a roinnt leis an rang, gan stopadh, gan athrá. Má sháraítear an rial seo, thig le daltaí dúshlán an duine sa suíochán te a thabhairt.



# TONNADÓIR SMAOINTE

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbreiteach

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn ar dhaltaí a oiread smaointe agus roghanna agus is féidir a ghiniúint, agus iad a chur in ord tosaíochta ina dhiaidh sin. Spreagtar na daltaí leis na roghanna acu a chosaint, agus le bheith ag idirbheartú ina ngrúpa féin agus leis an rang iomlán, le haontú ar liosta tosaíochtaí taobh istigh de thréimhse áirithe ama. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le hábhar nua a chur i láthair na ndaltaí, agus bheadh sé suimiúil na smaointe nó na tosaíochtaí a bhí acu ag tús agus ag deireadh ábhair a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Féach **Rangú Muileata** le teacht ar ghníomhaíocht eile den chineál seo.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le daltaí a bheith ag obair ag clár nó ag spás ar an bhalla. De rogha air sin, thiofadh le grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla. Bheadh sé ina chuidiú smeach-chairt a úsáid le spriocanna a léiriú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí de cheathrar, cúigear nó seisear agus tugtar bileog pháipéir A3 dóibh.
2. Socraíonn na daltaí ar na ról a bheidh acu taobh istigh den ghrúpa. Ar na ról seo tá scríobhaí, amadóir, éascaitheoir agus láithreoir.
3. Molann na grúpaí a oiread smaointe agus roghanna agus is féidir faoi ábhar áirithe, agus scríobhtar ar an chuid uachtarach den bhileog pháipéir iad.
4. Ansin cuireann na grúpaí a gcuid smaointe in ord tosaíochta trí na cúig cinn is tábhachtaí nó is ábhartha, dar leo, a roghnú. Scríobhtar iad seo ar an chuid íochtarach den bhileog pháipéir.
5. Tugann an láithreoir i ngach grúpa an bhileog páipéir go dtí barr an tseomra leis na torthaí agus na cúig thosaíocht a chur i láthair an ranga.
6. Agus na daltaí ina ngrúpaí arís, socraíonn siad ar an smaoineamh is ábhartha. Thig leo smaoineamh óna liosta féin nó smaoineamh ó liosta grúpa eile a mholadh. Ba chóir go ndéanfadh gach grúpa iarracht comhaontú a bhaint amach trí idirbheartaíocht a dhéanamh agus trína gcuid smaointe a chosaint.

7. Scríobhtar smaoineamh amháin ó gach grúpa ar smeach-chairt agus is féidir plé a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir na grúpaí. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do na smaointe ar an smeach-chairt ag amanna éagsúla le linn don rang a bheith ag dul don ábhar seo.
8. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus iarraidh ar na daltaí a bheith ag smaoineamh ar an dóigh ar oibrigh siad i ngrúpaí. Cé chomh maith agus a chomhlíon na daltaí na ról acu sna grúpaí? Ar éirigh leis an éascaitheoir plé agus cumarsáid fhiúntach a spreagadh? An ndéanadh an láithreoir rud ar bith ar dhóigh eile an chéad uair eile? An raibh sé furasta comhaontú a bhaint amach? Cad iad na próisis a d'fhág go raibh comhaontú ann? Cén duine ar éirigh leis/léi smaointe a chur in iúl go héifeachtach agus cad chuige?
9. Is féidir gníomhaíochtaí eile ar nós **Cúig Cheist** a úsáid leis na smaointe a fhiosrú go mion.

# CAD É AN CHEIST?

## Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Smaointeoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar cheisteanna a mbeadh freagra ar leith orthu. D'fhéadfaí na daltaí ardchumais a spreagadh le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach ar cheisteanna féideartha eile.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar freagra ar cheist do na daltaí a bhaineann leis an ábhar atá á fhiosrú. B'fhéidir go mbeadh réimse freagraí ann, freagra atá fíorasach amach is amach, mar atá dáta, ainm nó áit agus freagra ar mothú nó coincheap teibí é.

### Freagraí agus ceisteanna samplacha:

- **1601** (Cá huair a troideadh Cath Cionn tSáile?)
- **Alexander Graham Bell** (Cé a d'airg an guthán?)
- **Bhí náire orthu** (Cad é mar a mhothaigh na daoine gorma san Afraic Theas le linn Apartheid nuair nach raibh cead acu na busanna a úsáid?)

2. Caithfidh na daltaí smaoineamh ar cheist a bheadh ag teacht le gach freagra.
3. Má tá níos mó na ceist féideartha amháin ann, cuireann na daltaí na ceisteanna acu i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus tugann siad míniú ar an dóigh ar shocraigh siad ar cheist áirithe.

# MÍREANNA MEARAÍ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriteach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpaí nua, mar ghníomhaíocht tógála foirne, le heolas a bhailiú, le tús a chur le hábhar nua, le tús a chur le planáil don am atá le teacht, le cinnteoireacht nó le plé sínte. Is féidir tasc a dhéanamh níos suimiúla nó níos spreagthaí tríd an ghníomhaíocht seo a úsáid. Féach **Línte Saoil** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina bhfuil na haidhmeanna céanna i gceist.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga:

- Beidh ar na daltaí bheith ag bogadh thart an seomra le teacht ar dhaoine a bhfuil píosa dá dtomhas míreanna mearaí acu. De rogha air sin, d'fhéadfaí na daltaí a chur ina ngrúpaí roimh ré agus iarraidh orthu na míreanna mearaí a dhéanamh ag táblaí.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cruthaíonn an t-éascitheoir tomhas míreanna mearaí roimh ré, a bhfuil dúshláin scríofa air. Is féidir é seo a dhéanamh go simplí ar pháipéar A4/cairtchlár agus é a ghearradh ina pháosaí, nó trí fheidhmchlár TF a úsáid.

### Daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpa:

- Scríobh ainm gach duine sa ghrúpa.
- Tarraingíonn gach duine sa ghrúpa pictiúr den chaitheamh aimsire is fearr leis/léi.
- Faigh amach rud amháin suimiúil faoi gach duine.

### Ábhar: Sábháilteacht sa tSaotharlann:

- Scríobh dhá riail thábhachtacha maidir le gluaiseacht sa tsaotharlann.
- Smaoinigh ar chúig ghuais sa tsaotharlann.
- Scríobh trí rud a d'fhéadfaí a dhéanamh le timpistí a chosc.

### Stair:

- Scríobh dhá ócáid thábhachtacha i do shaol a tharla i mbliana.
- Scríobh trí phríomhscéal nuachta a bhí ann i mbliana.
- Smaoinigh ar a bhfuil foghlamtha againn ó na himeachtaí seo.

2. Tugtar píosa amháin de thomhas míreanna mearaí do gach dalta.
3. Caithfidh na daltaí bogadh thart an seomra le teacht ar dhaoine a bhfuil píosa dá dtomhas míreanna mearaí acu. D'fhéadfaí, mar shampla, dath éagsúil a úsáid ar gach ceann de na tomáis mhíreanna mearaí.
4. Agus na baill eile den ghrúpa aimsithe ag na daltaí, tosaíonn siad ag obair mar fhoireann leis na míreanna mearaí a chur le chéile agus leis na dúshláin a chur i gcrích.
5. B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir teorainn ama a leagan síos le gné iomaíoch a chur leis an ghníomhaíocht.
6. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiú i ndiaidh na gníomhaíochta.
7. Is féidir tasc sínte ar nós **Cad é do Bharúil?** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo.

# BOMAITE AMHÁIN

## Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Féinbhainistiú
- Smaointeoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí leis an eolas is tábhachtaí a bhaineann le hábhar a ndearna siad taighde air a chur i láthair. Tá an ghníomhaíocht seo ina cuidiú le scileanna gníomhacha éisteachta a chothú agus is féidir í a cheangal leis an teicníc **An Suíochán Te**.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Cuirtear suíochán te amháin os comhair an ghrúpa. De rogha air sin, d'fhéadfaí an suíochán te a chur i lár ciorcail leis na hidirghníomhú níos suaimhní a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déanann na daltaí taighde ar ábhar ábhartha agus tugann siad an t-eolas is tábhachtaí, dar leo féin, chun suntais. Thiocfadh leis na daltaí taighde a dhéanamh ar an ról i ngrúpaí nó ina n-aonar.

### Carachtair/Róil fhéideartha:

- Stair: Dubhghlas de hÍde
- Gaeilge: Fionn Mac Cumhaill
- Tíreolaíocht: Gníomhaíoch de chuid Greenpeace
- Saoránacht: Páirtí polaitíochta áitiúil

2. I ndiaidh do na daltaí go leor ama a bheith acu le taighde a dhéanamh, cuirtear sa suíochán te iad agus iarrrtar orthu na torthaí/an t-eolas a chur i láthair taobh istigh de bhomaite amháin.
3. Caithfidh na daltaí eile a bheith ag éisteacht go cúramach – má shíleann siad go bhfuil an duine sa suíochán te ag braiteoireacht, nach bhfuil sé/sí ag cloí leis an ábhar nó go bhfuil athrá ann, thig leo dúshlán an duine a thabhairt. Má thugtar dúshlán, cuirtear stop leis an chlog go dtí go mbeidh an dúshlán thart.
4. Caithfidh éascaitheoir nó grúpa éascaitheoirí cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu atá an dúshlán bailí nó nach bhfuil agus an cinneadh a chosaint.
5. Más dúshlán bailí é, cuirtear an dalta amach as an suíochán te. Tugtar pointe don dalta a thug an dúshlán.
6. Mura n-éiríonn leis an dúshlán, leanann an dalta ar aghaidh go dtabhfar dúshlán eile nó go mbeidh an bomaite istigh. Má fhanann an dalta sa suíochán go dtí an deireadh tugtar pointe dó/dí.
7. Mar ghníomhaíocht shínte, thiocfadh leis na daltaí **Meabhairmhapa** a dhéanamh leis an eolas uilig a bhailigh siad sa ghníomhaíocht a thabhairt le chéile agus le struchtúr a chur air.

## ABC

### (Ar Eolas – Ba Mhaith linn a Fhoghlaim – Cad é a d’Fhoghlaim Muid?)

#### Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Féinbhainistiú

#### Cad é atá ann?

- Is féidir an modh seo a úsáid mar straitéis leis na daltaí a spreagadh lena bhfuil ar eolas acu cheana féin a thaifeadadh agus leis na bearnaí san eolas sin a aimsiú. Fágfaidh sé seo go mbeidh siad in ann an dul chun cinn ina gcuid foghlama a struchtúru agus anailís a dhéanamh ar an eolas nua a d’fhoghlaim siad i ndiaidh dóibh taighde a dhéanamh. Sa ghníomhaíocht seo cuirtear leis an eolas agus leis an tuiscint atá ag daltaí cheana féin agus forbraítear scileanna obair bhuíne. Má dhéantar ABC i ngrúpaí, is féidir go dtreiseofar ar scileanna cumarsáide agus scileanna obair bhuíne araon.

#### Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ar ghreille A-B-C (féach thíos), scríobhann daltaí a bhfuil ar eolas acu cheana féin faoi ábhar nó faoi mhórchéist áirithe i gcolún ‘A’. Más i ngrúpaí atá siad ag obair, b’fhéidir gur mhaith leo na smaointe acu a scríobh ar phoistíní sula scríobhann siad na smaointe uilig ar an ghreille.
2. Spreagtar na daltaí ansin le bheith ag smaoineamh ar na bearnaí san eolas sin trí na rudaí *ba mhaith* leo a fhoghlaim a scríobh i gcolún ‘B’.
3. I ndiaidh do na daltaí taighde a dhéanamh ar an ábhar, thig leo colún ‘C’ ar an ghreille a líonadh isteach. Ansin, cintíonn siad go bhfuil an chéad dá cholún líonta isteach mar is ceart agus cuireann siad a bhfuil foghlamtha acu i gcomparáid leis na chéad smaointe a bhí acu ar an topaic i gcolún ‘A’.

#### Topaic: An Domhan Thart Orainn: an Tansáin

A	B	C
<ul style="list-style-type: none"> <li>• tír i mbéal forbartha</li> <li>• treibheanna Masai</li> <li>• Sliabh Kilimanjaro</li> <li>• easpa seirbhísí sláinte</li> <li>• safari</li> </ul>	<p>Eolas ar:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• na scoileanna</li> <li>• allmhairí / onnmhairí (earraí iompórtála / earraí easpórtála)</li> <li>• costas maireachtála</li> <li>• saol treibhe</li> <li>• áiteanna suimiúla eile</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• saol treibhe bunaithe ar thógáil eallaigh agus ar thraidisiún na laochra</li> <li>• Cráitéar Ngorongoro</li> </ul>

# LÍNTE SAOIL

## Scileanna

- Smaointeoireacht

## Cad é atá ann?

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpaí nua, mar ghníomhaíocht tógála foirne, le heolas a bhailiú, le tús a chur le hábhar nua, le tús a chur le pleanáil don am atá le teacht, le cinnteoireacht nó le plé sínte. Spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar a gcuid eispéireas féin sula gcuireann siad i gcomparáid le heispéiris daoine eile iad.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Faigheann gach duine bileog 'Líne Saoil' ar a bhfuil aoiseanna éagsúla scríofa feadh na líne.
2. Ar an Líne Saoil, scríobhann daltaí eispéiris ina saol, ón uair a rugadh iad, a bhfuil baint acu leis an ábhar atá faoi chaibidil.

### Daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpaí:

- Na bréagáin ab fhearr a bhí agam ag aoiseanna éagsúla
- Na cláir theilifíse a thaitin liom ag aoiseanna éagsúla
- Na laethanta saoire a thaitin liom ag aoiseanna éagsúla

### Ábhar: Cearta agus Freagrachtaí

- Nuair a ligeadh dom cinntí a dhéanamh
- Nuair a aithníodh go raibh mé aosta go leor le rudaí nua a thriail

3. Agus an líne saoil curtha i gcrích acu, thioctadh leis na daltaí a gcuid eispéireas a roinnt lena chéile, nó líne mhór saoil a chur ar bhalla agus sampla ó líne saoil gach duine a chur uirthi.
4. Thioctadh leis na daltaí, mar cheacht tógála foirne, plé a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir na línte saoil a rinne siad.
5. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht líne saoil a úsáid le plé a spreagadh ar ábhair eile. Cad chuige, mar shampla, a dtugtar cearta áirithe ag 12, 14, 16, 18, 21 srl?
6. Chomh maith leis sin, thioctadh leis na daltaí **Ransú Smaointe** a dhéanamh ar aois áirithe. Mar shampla, cad iad na cinntí ba chóir a ligean do pháiste 8 mbliana d'aois a dhéanamh agus cad chuige?



# CLUICHE CUIMHNE

## Scileanna

- Smaointeoireacht
- Ag Obair le Daoine Eile
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Tá an fhoghlaim ag brath cuid mhór ar úsáid ghníomhach éifeachtach na cuimhne agus na scileanna cuimhne. Sa ghníomhaíocht seo cuirtear comhthéacsanna ábhartha ar fáil do na daltaí ina dtig leo eolas a chur ar straitéisí cuimhne le cuidiú leo a bheith ina bhfoghlaimoirí éifeachtacha. Sa chluiche cuimhne díritear aird na ndaltaí ar a thábhachtaí atá cruinneas agus mionsonraí, agus is bealach an-suimiúil é le faisnéis fhíorasach a chur in iúl. Cuirtear béim ar obair bhuíne, cumarsáid agus díriú intinne.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Bíonn na daltaí ag obair i ngrúpaí. Ba chóir go mbeadh gach dalta ábalta a b(h)ealach a dhéanamh go héasca go barr an tseomra.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí isteach i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.
2. Cuirtear trí chóip den leathanach céanna ag barr an tseomra. Ba chóir go mbeadh idir ocht agus deich gcinn d'abairtí ar an leathanach a chuireann faisnéis fhíorasach in iúl maidir le hábhar nó le mórcheist áirithe. Is féidir dathanna agus íomhánna éagsúla a úsáid chomh maith.

### **Ábhar: Nuatheangacha – Comhthéacs Bia agus Dí (ráitis sa sprioctheanga).**

- Ithim iasc Dé Luain
- Ithim sicín agus rís Dé Máirt
- Ithim prátaí, glasraí agus feoil Dé Céadaoin
- Ithim pasta, torthaí, brioscáin phrátaí agus seacláid agus ólaim bainne Déardaoin
- Ní ithim Dé hAoine!

- Téann dalta ó gach grúpa go barr an tseomra le hamharc ar an leathanach. D'fheadfá ligean do gach dalta amharc ar an leathanach aon uair amháin, ar feadh tríocha soicind. Mar shampla, má tá ceathrar i ngrúpa, beidh 30 soicind ag gach duine acu le hamharc ar an leathanach ar a s(h)eal (b'fhéidir go mbeadh ort níos mó/níos lú ama a thabhairt dóibh ag brath ar cé chomh doiligh agus atá an t-eolas ar an leathanach).

- Caithfidh na daltaí an t-eolas ar an leathanach a scríobh chomh beacht agus is féidir ina ngrúpaí, íomhánna, focail a bhfuil líne fúthu, dathanna éagsúla, srl san áireamh. Caithfear é seo a dhéanamh in aghaidh an chloig.
- I ndiaidh don chéad duine ó gach grúpa amharc ar an leathanach, ba chóir dóibh achoimre ar a bhfuil air a thabhairt dá ngrúpa. Ba chóir go gcaithfeadh na daltaí tamall ansin ag socrú cén dóigh a n-aistroidh siad an t-eolas uilig atá ar an leathanach ag an bharr go dtí a leathanach féin chomh beacht agus is féidir. Lena rá ar dhóigh eile, cad iad na scileanna cuimhne a bheidh in úsáid acu agus cad é mar a bheidh siad ag obair mar fhoireann lena chinntiú go n-éireoidh leo? Mar shampla, thioctadh le dalta a haon a insint do dhalta a dó cén chuid den leathán ar chóir dó/di a bheith ag díriú.
- Ar deireadh, is féidir iarracht deiridh gach grúpa a chur i gcomparáid leis an bhunleagan.
- D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta le haird na ndaltaí a dhíriú ar na straitéisí cuimhne a bhí in úsáid, na straitéisí a bhí/nach raibh éifeachtach, an dóigh ar oibrigh na daltaí le chéile, na fáthanna ar éirigh leo, srl.

# MEABHAIRMHAPÁÍ

## Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Féinbhainistiú
- Smaointeoireacht
- Bheith Cruthaitheach

## Cad é atá ann?

- Díreach mar a dhéantar faisnéis á stóráil san inchinn trí chraobhacha a nascadh, bíonn an fhoghlaim níos éifeachtaí nuair a dhéantar naisc agus nuair a dhéantar na naisc seo a struchtú. Seo an rud atá i gceist le meabhairmhapáí. Is uirlisí an-úsáideach iad maidir le pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh. Tá siad fóirsteanach do mhodhanna éagsúla foghlama ar nós modhanna amhairc agus modhanna cinéistíseacha, agus spreagann siad daltaí le bheith ag smaoineamh ar naisc ina gcuid foghlama. Bíonn ar dhaltaí dhá thaobh na hinchinne a úsáid dá mbarr. Má bhíonn meabhairmhapáí in úsáid le pleanáil a dhéanamh, is féidir cur leo agus iad a fhorbairt de réir mar a bhíonn an rang ag dul d'ábhar airithe. Féach **Roth na nIarmhairtí** agus **Straitéis Cnámh Éisc** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina mbíonn ar dhaltaí bheith ag smaoineamh ar chúis agus éifeacht.

## Cad é mar a oibríonn sé?


1. Scríobhann na daltaí an príomhábhar nó an mhórchéist i lár leathanaigh mhóir.

### Meabhairmhapáí: Ábhair Shamplacha:

- Tíreolaíocht: aibhneacha
- Béarla: carachtair nó téamaí i leabhar
- Stair: an Armáid
- Nuatheangacha: foclóir bunaithe ar 'caitheamh aimsire'

2. Tarraingíonn na daltaí na príomhsmaointe thart ar an choincheap lárnach agus úsáideann siad craobhacha lena gceangal den choincheap. Thíocfadh leo dath éagsúil a úsáid le gach príomhsmaoineamh a chur in iúl, agus peann aibhsithe a úsáid le líne a chur faoi phríomhfhocail agus choincheapa. Thíocfadh leo íomhánna a úsáid chomh maith le go mbeadh cuma níos tarraingtí ar an mheabhairmhapa.
3. Tarraingíonn na daltaí fo-chraobhacha leis na smaointe atá ceangailte den phríomhchraobh a thabhairt chun suntais.
4. Má bhíonn sé in úsáid le hathbhreithniú a dhéanamh, b'fhéidir gur mhaith leis na daltaí an meabhairmhapa a úsáid le cuidiú leo athbhreithniú níos leithne a dhéanamh. Thíocfadh leo, mar shampla, nótaí athbhreithnithe a scríobh ar cárta poist – cárta poist amháin do gach fo-chraobh. D'fhéadfaí na dathanna agus na híomhánna céanna atá ar an mheabhairmhapa a úsáid ar na cártaí poist.
5. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus na daltaí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar cad chuige a ndearna siad smaointe áirithe a ghrúpáil le chéile agus ar an dóigh a bhfuil a gcuid smaointe féin níos soiléire mar gheall ar an léarscáil.

# MEABHAIRMHAPA SAMPLACH



# SCANNÁIN INTINNE

## Scileanna

- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriteach

## Cad é atá ann?

- Is féidir an ghníomhaíocht chruthaitheach seo a úsáid le tús a chur le hábhar nua, le daltaí a spreagadh le bheith páirteach i ndíospóireacht ar mhórcheist áirithe agus le smaointe a roinnt.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Druideann na daltaí a súile.
2. Léann an t-éascaitheoir scéal gairid nó míníonn sé/sí cas áirithe don rang.
3. Iarrtar ar na daltaí a shamhlú cad é atá ag tarlú nó cad é atá á mhíniú.
4. Agus an scéal nó an míniú thart, iarrtar ar na daltaí leanúint ar aghaidh ón áit ar stop an léitheoir agus an scéal/an cas a fhorbairt ina n-intinn féin.
5. Cuireann na daltaí síos ansin, ina ngrúpaí nó mar rang iomlán, ar na rudaí a tharla ina scannán intinne. Is dóigh mhaith é seo le plé a spreagadh ar mhórcheisteanna.

### Cásanna Samplacha:

- Mórcheist a bhaineann le cearta daonna
- Scéal faoi phiarbhrú (buachaill a ghoideann rud ó shiopa mar gheall ar bhrú ó chairde)
- Scéal simplí i Nuatheanga
- Bású Marie Antoinette

6. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le daltaí a spreagadh le smaoineamh ar dhóigheanna a bhféadfaí cásanna a athrú. D'fhéadfaí gníomhaíocht ar nós **Gach Rud san Áireamh** nó **Buntáiste-Míbhuntáiste-Suimiúil** a úsáid le cur le scannáin intinne na ndaltaí.

# CÁS A MHEAS

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriteach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn ar dhaltaí scileanna fadhbréitigh agus scileanna cinnteoireachta a úsáid le cás a réiteach, le cinneadh a dhéanamh nó le himeacht áirithe a fhiosrú. Ba chóir **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo. Tríd an mhodh seo a úsáid, spreagtar daltaí le hargóintí loighciúla a dhéanamh, bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint atá acu ar mhórchéist, agus ar fhianaise iontaofa chomh maith.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i ngrúpa mór agus na daltaí ina suí i gcorcal nó i leathchiorcal, nó i ngrúpaí beaga thart ar thábla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar idir 20 agus 30 ráiteas a bhaineann le mórchéist áirithe do na daltaí. Má bhíonn an rang iomlán páirteach sa ghníomhaíocht seo, is féidir ráiteas amháin a thabhairt do gach dalta lena léamh don rang. De rogha air sin, is féidir roinnt ráiteas a thabhairt do dhaltaí i ngrúpaí beaga.
2. Má dhéanann an grúpa cinneadh i ndiaidh dóibh na ráitis a léamh, is féidir na daltaí a spreagadh le smaoinemh ar gach ráiteas lena oibriú amach cad é a chiallaíonn sé agus le plé a dhéanamh ar na gnéithe uilig a bhaineann leis.

**Ábhar: Nuatheangacha – Roghnú Teangacha (ráitis sa sprioctheanga).  
Caithfidh na daltaí plé a dhéanamh sa sprioctheanga faoi na hábhair scoile ba chóir do dhalta a roghnú agus cad chuige?**

- Is lúthchleasaí díograiseach é Adam.
- Is fear grinn é múinteoir tíreolaíochta Adam.
- Níor chríochnaigh Adam a obair bhaile tíreolaíochta an tseachtain seo ar fad.
- Ba mhaith le hAdam a bheith saibhir san am atá le teacht.
- Is breá le hAdam bia ach ní cócaire maith é.

- Agus an plé grúpa thart, ba chóir do na daltaí aiseolas a thabhairt ar a gcinntí agus iad a chosaint go héifeachtach soiléir, agus argóintí loighciúla agus fianaise in úsáid acu más gá.
- D'fheadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta le haird na ndaltaí a dhírú ar na próisis a bhí i gceist le cinntí a dhéanamh nó le fadhbanna a réiteach. Cén dóigh a ndearna grúpaí cinntí? An raibh tuairimí éagsúla ann? Cén dóigh ar baineadh comhaontú amach? An ndearnadh tuairimí a chosaint go héifeachtach? Ar cuireadh tuairimí in iúl go héifeachtach? An riabh ról ar leith ag gach duine sa ghrúpa agus cé chomh héifeachtach agus a comhlíonadh na róil?

# CLÁR NA BHFREAGRAÍ CASTA

## Scileanna

- Smaointeoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí lena gcuid smaointe agus mothúchán ar ábhar a bhfuil freagraí casta ag baint leis a thaifeadadh, díreach mar a chuireann ainm na gníomhaíochta in iúl. Tá an modh seo cosúil le **Clár Graifítí** agus déantar iarracht a chur ina luí ar dhaltaí nach bhfuil na freagraí uilig ag duine ar bith!

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Beidh spás mór ar an bhalla de dhíth.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear 'clár na bhfreagraí casta' ar bhalla sa seomra ranga ar a dtig le daltaí a gcuid smaointe ar mhórchéisteanna nach bhfuil freagraí acu orthu a thaifeadadh. Thiocfadh leo, mar shampla, ceisteanna ráiteasacha a scríobh.
2. Is féidir aird a dhíriú ar na ceisteanna seo ag amanna éagsúla le linn don rang a bheith ag dul d'ábhar áirithe, lena fháil amach ar tháinig athrú ar bith ar smaointe agus ar bharúlacha na ndaltaí.
3. I ndiaidh don rang ábhar a chríochnú, thig leis na daltaí na ceisteanna a phlé agus cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a fuair siad freagraí orthu nó nach bhfuair. Má fuair siad freagra ar cheist, baintear an cheist sin den chlár. Mura bhfuair siad freagra, fanann an cheist ar an chlár agus thig leis na daltaí teacht ar ais chuici ar ball.

# AN CEANN CORR

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadbhréiteach
- Ag Obair le Daoine Eile
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Is gníomhaíocht áisiúil í An Ceann Corr is féidir a úsáid am ar bith – le tús a chur le hábhar nua nó le heolas a threisiú. Bíonn ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar thréithe focal, abairtí, smaointe, áiteanna, daoine nó rudaí – ag brath ar an réimse foghlama atá i gceist. Spreagtar na daltaí leis na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an rudaí seo a fhiosrú, le tuiscint a fhorbairt ar naisc ar bith eile eatarthu agus lena rangú dá réir.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déantar péirí nó grúpaí den rang.
2. Tugtar tacar príomhfocal/smaointe/áiteanna/rudaí nó daoine do na daltaí, ag brath ar an réimse foghlama agus ar an ábhar. Is féidir iad seo a chur ar fáil mar liosta nó i bhfoirm greille ar osteilgeoir nó mar bhileog eolais.
3. Caithfidh na daltaí an ceann corr ar gach greille nó liosta a aimsiú. Tarlaíonn sé go minic go mbíonn níos mó ná freagra ceart amháin ann. Sa chás seo, d'fhéadfadh focal ar bith a bheith ina cheann corr. Caithfidh na daltaí, mar sin, an fáth ar roghnaigh siad focal áirithe agus an bhaint atá idir na focail eile ar an liosta a mhíniú.

### Topaic: Nuatheangacha – Ábhar: Mo Theach (focail sa sprioctheanga)

- leaba, oigheann, cuisneoir, teilifís, almóir, cuirtíní, garáiste, cathaoir, folcadán, tábla.
  - Is féidir gurb é an focal garáiste an ceann corr mar is é seo an t-aon seomra amháin atá ann;
  - Is féidir gurb é an focal cuirtíní an ceann corr mar tá urlár ag na cinn eile nó seasann siad ar urlár.

4. Mar ghníomhaíocht shínte, thig leis na daltaí focal eile a mholadh a bhaineann leis na focail sin nach bhfuil ina gcinn chorra. De rogha air sin, thiocthadh leo liosta nó greille dá gcuid féin a chur le chéile.
5. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta le haird a dhíriú ar an dóigh a ndearna na daltaí naisc idir na focail, ar na próisis a bhí i gceist agus ar cé acu a d'éirigh leo naisc bhreise a aimsiú idir na focail trí bheith ag obair i ngrúpa nó nár éirigh.



# CAD É DO BHARÚIL?

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Is gníomhaíocht bhailithe eolais í seo ina mbíonn ar dhaltaí barúlacha a lorg agus a chur in iúl maidir le roinnt ráiteas a bhaineann le hábhar áirithe. Ansin, agus iad ina ngrúpaí beaga, caithfidh na daltaí a gcuid torthaí a thairfeadh agus naisc a aimsiú idir na barúlacha. Féach **Timpeallán** nó **Bailiúchán Poistíní** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina mbíonn eolas á bhailiú ag daoine aonair nó ag grúpaí beaga.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar píosa páipéir a bhfuil ráiteas áirithe scríofa ar a bharr do na daltaí. Ba chóir bileog pháipéir ar dhath éagsúil a úsáid faoi choinne gach ceann de na ráitis. Is féidir greille a tharraingt faoi na ráitis agus í a úsáid le barúlacha daoine a thairfeadh. Ar na catagóirí a d'fhéadfaí a úsáid tá: aontaím go mór leis, aontaím leis, níl barúil agam, easaontaím leis, easaontaím go mór leis. D'fhéadfaí spás a fhágáil faoin ghreille le heolas/tuairimí breise a scríobh.
2. Léann na daltaí a ráiteas lena chinntiú go dtuigeann siad é.
3. Bíonn na daltaí ag bogadh thart an seomra le barúlacha a thabhairt agus a bhailiú ag an am céanna.
4. Déanann na daltaí barúlacha daoine eile ar a ráiteas áirithe féin a thairfeadh ar an ghreille. Thig leo chomh maith, sa spás faoin ghreille, eolas/tuairimí breise a scríobh.
5. Ba chóir go gcuirfeadh gach dalta barúil in iúl maidir le gach ráiteas.
6. Agus an t-am istigh, thiocfadh leis na daltaí sin a bhfuil an ráiteas céanna acu (páipéar den dath céanna) teacht le chéile mar ghrúpa. D'fhéadfadh siad a gcuid torthaí féin ar an ráiteas a mheas ina n-aonar agus mar ghrúpa ina dhiaidh ansin.
7. Thiocfadh leo eolas/tuairimí ar bith breise a fuair siad a chur in iúl don ghrúpa, agus iad seo a rangú mar ghrúpa.
8. Is fiú **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo. D'fhéadfaí na torthaí a bhreacadh síos agus a rangú ar smeach-chairt.

## DDE (Dearcadh Daoine Eile)

### Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Fadhbriteach, Cinnteoireacht

### Cad é atá ann?

- Spreagtar daltaí le haird a thabhairt ar dhearcadh duine eile/ar dhearcadh éagsúil maidir le mórcheist nó le hábhar ar leith. Déanann daltaí machnamh ar an dóigh ar féidir tosca, iarmhairtí agus spriocanna a bhaineann le mórcheist áirithe a mheas ar dhóigh nua trí bharúlacha a roinnt le daoine eile. Déanann daltaí machnamh ar an dóigh a mbíonn dearcadh ar leith tábhachtach don duine a chuireann in iúl é, ach nár chóir é a bhrú ar dhaoine eile. Féach an ghníomhaíocht **Gach Rud san Áireamh** le smaointe a fháil ar an dóigh leis na rudaí uilig a mbeadh tionchar acu ar chinneadh nó ar smaoineamh a liostú.

### Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má bhíonn an modh seo in úsáid i gcomhar le gníomhaíocht timpealláin, is féidir go mbeidh ar na daltaí a bheith ag rothlú ina ngrúpaí chuig táblaí eile sa seomra. De rogha air sin, d'fhéadfadh na daltaí fanacht ina suí agus leathán smeach-chairte a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile agus an t-am istigh.

### Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ba chóir don éascaitheoir plé a dhéanamh leis na daltaí ar a thábhachtaí atá sé go mbíonn daoine eile páirteach i ngníomhaíochtaí cinnteoireachta agus fadhbréitigh. Trí chúlraí, spéiseanna, tuiscint agus luachanna daoine eile a fhiosrú, is féidir ár ndearcadh féin a shaibhriú agus a leathnú, agus is féidir le daltaí léargas a fháil ar na dearcthaí éagsúla atá i gceist le hábhar áirithe.
2. Bíonn na daltaí ag bogadh thart an seomra ag iarraidh barúlacha ar dhaoine agus ag breacadh síos ar leathanach iad. Agus cúig bharúil éagsúla faighte acu, déanann siad achoimre ar na barúlacha ag bun an leathanaigh agus cuireann siad in iúl cén ceann is mó a n-aontaíonn siad leis agus cad chuige.

#### Cás Samplach DDE

Tá déagóir á chosaint ag dlíodóir os comhair na cúirte. Chuir comharsa béal dorais an déagóra ina leith gur bhris sé fuinneog a chairr. Chomh maith leis sin, cuireadh ina leith go bhfuil an pobal faoi bhagairt aige – go bhfuil sé ag caitheamh cloch le fuinneoga, ag léim ar charranna, ag tromaíocht ar pháistí óga. Smaoinigh ar na dearcthaí a bheadh ag daoine éagsúla sa chás seo.

3. Agus na leatháin DDE críochnaithe ag na daltaí, thiocthadh leo rothlú ina ngrúpaí le hamharc ar bharúlacha na ngrúpaí eile. B'fhéidir gur mhaith leo an straitéis **'Dhá Réalta agus Mian'** a úsáid le piarmheasúnú a dhéanamh.
4. D'fhéadfaí deis a thabhairt do na daltaí ansin na chéad bharúlacha acu a leasú nó cur leo, bunaithe ar a bhfuil scríofa ag na grúpaí eile.
5. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo leis na dearcthaí uilig a thabhairt le chéile mar ghrúpa iomlán.
6. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí eile ar nós **Bealach an Choinsiasa** agus **Línte Crá** a úsáid ag an phointe seo le barúlacha áirithe a fhorbairt agus leis na daltaí a spreagadh le dearcadh ar leith a chur in iúl.

# BIONGÓ NA NDAOINE

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpaí nua, le tús a chur le hábhar áirithe nó le scileanna cumarsáide a fhorbairt. Tá gluaiseacht i gceist, chomh maith le cumarsáid le go leor daoine eile.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar bileog biongó do gach duine. Is féidir an bhileog a roinnt i naoi gcearnóg, in dhá chearnóg déag nó i sé chearnóg déag.
2. Ba chóir go mbeadh dúshlán a bhaineann le hábhar/cuspóir áirithe i ngach cearnóg. Mar shampla:

### Daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpa:

- Aimsigh triúr daltaí a bhfuil súile gorma acu.
- Aimsigh triúr daltaí a thaistil go Meiriceá.
- Aimsigh triúr daltaí a bhfuil madadh acu.

### Ábhar: Roghanna Sláintiúla

- Aimsigh triúr daltaí a thagann chun na scoile ar rothar.
- Aimsigh triúr daltaí a itheann bia orgánach.
- Aimsigh triúr daltaí a ólann níos mó ná trí lítear uisce gach lá.

3. Nuair aimsíonn na daltaí duine a mbaineann an ráiteas áirithe leis/léi, thig leo dhá cheist dá gcuid féin a chur ar an duine faoin ráiteas. D'fhéadfaí an plé a fhorbairt ar an dóigh seo. Mar shampla:

### Ábhar: Roghanna Sláintiúla

- Aimsigh duine a itheann bia orgánach.

Samplaí de cheisteanna breise:

- Cén bia orgánach a itheann tú?
- Cad chuige a n-itheann tú é?

4. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus na daltaí a cheistiú faoi na rudaí is cuimhin leo nó faoi rud éigin suimiúil a d'fhoghlaim siad ó dhalta eile trí cheisteanna breise a chur.
5. Mura bhfuil go leor ama ann le bileog Biongó a chruthú nó a fhótachóipeáil, d'fhéadfaí abairtí uimhrithe a scríobh ar chlár, ar osteilgeoir nó ar smeach-chairt. Thiocfadh leis na daltaí na huimhreacha a scríobh agus ainm an duine atá aimsithe acu a scríobh taobh leis an uimhir cheart.

## BMS (Buntáiste – Míbhuntáiste – Suimiúil)

### Scileanna

- Bainistiú Eolais
- Féinbhainistiú

### Cad é atá ann?

- Tá sé seo ina chuidiú ag daltaí gach gné de smaoineamh, ábhar nó argóint a scrúdú. Bíonn daltaí á dtreorú ar shiúl ó na chéad fhreagraí mothúchánacha acu ar mhórchéist áirithe agus spreagtar iad le machnamh a dhéanamh ar na míbhuntáistí a bhaineann le smaoineamh atá ina smaoineamh maith, dar leo. Agus BMS ar bun caithfidh daltaí na smaointe uilig a chur san áireamh, fiú na smaointe sin nach nglacfaid siad leo de ghnáth, agus caithfidh siad socrú ar an seasamh atá acu féin ar smaoineamh nó ar mhórchéist *i ndiaidh* dóibh í a anailísiú, seachas é seo a dhéanamh roimh ré. Féach **Gach Rud san Áireamh** agus **Dearcadh Daoine Eile** le teacht ar ghníomhaíochtaí den chineál chéanna.

### Cad é mar a oibríonn sé?

1. Beidh ar an éascaitheoir an chiall atá le BMS a phlé leis na daltaí agus gach téarma a mhíniú dóibh: Buntáiste = rud dearfach, Míbhuntáiste = rud diúltach, Suimiúil = pointe suimiúil a éiríonn as an ábhar atá faoi chaibidil.
2. Úsáideann na daltaí teimpléad **Buntáiste-Míbhuntáiste-Suimiúil** leis na buntáistí a bhaineann le mórchéist, dar leo féin, a thairfeadh. Ansin déanann siad na míbhuntáistí agus pointí suimiúla ar bith atá i gceist a thairfeadh. Táthar ag súil go dtuigfidh na daltaí go dtig le drochsmoointe nó le smaointe nach bhfuil fiúntach, dar leo féin, a bheith suimiúil más rud é go n-éiríonn smaointe eile astu.
3. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus BMS na ndaltaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Ansin, d'fhéadfaí pointí suimiúla ar bith a fhiosrú.

# BAILIÚCHÁN POISTÍNÍ

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbreiteach

## Cad é atá ann?

- Agus an modh seo in úsáid spreagtar daltaí le liosta smaointe nó roghanna maidir le mórcheist áirithe a chruthú agus a bhailiú. Ba chóir go mbeadh poistín ag gach dalta agus roinnt poistíní ag gach grúpa. Is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh agus tús á chur le hábhar. Fágann sé go mbíonn deis ag gach duine a mbarúil a chur in iúl taobh istigh de ghrúpa beag seachas é a dhéanamh os comhar an ghrúpa iomláin.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla. Bheadh sé ina chuidiú dá mbeadh smeach-chairt nó spás ar an chlár ar fáil le cuspóirí a chur i láthair.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí i ngrúpaí de cheathrar nó sheisear agus tugtar poistín amháin do gach dalta.
2. Ar dtús, ba chóir do na daltaí a gcuid smaointe féin a scríobh ar a bpoistín féin.
3. Thiocfadh leis na daltaí teacht le chéile ansin le smaointe gach duine a phlé – seans go nglacfar le smaointe/roghanna áirithe agus nach nglacfar le smaointe eile.
4. Mar ghrúpa, thiocfadh leis na daltaí a gcuid smaointe a scríobh ar phoistíní – smaoineamh amháin ar gach poistín.
5. Thiocfadh leo na smaointe a chur i láthair an ranga iomláin ansin.
6. D'fhéadfaí smaointe gach grúpa a chur ar smeach-chairt. Thiocfadh leis na daltaí smaointe/roghanna cosúla a ghrúpáil le chéile. Fágfaidh sé seo go mbeidh sé furasta na smaointe cosúla aithint. Má úsáidtear poistíní ar dhathanna éagsúla beidh an t-éascaitheoir agus na grúpaí in ann obair gach grúpa a aithint.
7. Agus an ghníomhaíocht seo thart, d'fhéadfaí gníomhaíocht tosaíochta ar nós **Rangú Muileata** nó **Tonnadóir Smaointe** a dhéanamh agus na smaointe a anailisiú go mion trí **Cúig Cheist** nó **Straitéis Cnámh Éisc** a úsáid.
8. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo agus aird na ndaltaí a dhíriú ar an dóigh ar oibrigh siad le chéile. Cé chomh maith agus a chuir na daltaí a smaointe i láthair agus cé chomh maith agus a mhínigh siad agus a chuir siad ina luí ar dhaoine eile iad? An ndéanfadh an láithreoir rud ar bith ar dhóigh eile an chéad uair eile? An raibh sé furasta comhaontú a bhaint amach? Cad iad na próisis a d'fhág go raibh comhaontú ann? Cén duine ar éirigh leis/léi smaointe a chur in iúl go héifeachtach agus cad chuige?
9. D'fhéadfaí na poistíní a chur ar chlár poistíní sa seomra ranga. Thiocfadh leis na daltaí cur leis an chlár amach anseo, nó d'fhéadfaí aird a dhíriú air ag deireadh ábhair le hathbheithniú a dhéanamh ar an fhoghlaim.

# PIRIMID TOSAÍOCHTAÍ

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn ar dhaltaí a machnamh a dhéanamh ar na pointí is ábhartha agus mórcheist á fiosrú acu. Ina dhiaidh sin, bíonn orthu smaointe agus eolas ar an mhórcheist a chur in ord tosaíochta agus na roghanna acu a chosaint. Féach **Rangú Cártáí, Tonnadóir Smaointe, Crios Bainteachta** nó **Tógáil Ballaí** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina mbíonn rudaí á gcur in ord tosaíochta. D'fhéadfai **Bailiúchán Poistíní** a dhéanamh roimh an ghníomhaíocht seo le smaointe a spreagadh sula gcuirfear in ord tosaíochta iad. D'fhéadfadh an ghníomhaíocht seo a bheith ina cuidiú ag foghlaimeoirí cinéistéiseacha.


## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Bíonn grúpaí ag obair thart ar thábla. B'fhéidir go mbeadh trealamh amhail siosúr agus gliú de dhíth ar na daltaí.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Thig le daltaí a bheith ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar tacar cártáí do gach grúpa ar a bhfuil focail, ráitis nó pictiúir a bhaineann le mórcheist áirithe. De rogha air sin, d'fhéadfadh daltaí a gcuid smaointe féin a scríobh ar pháipéir nó ar phoistíní agus iad seo a úsáid lena bpirimid a thógáil.
3. Tugtar Teimpléad Pirimide (féach an sampla) ar a bhfuil an mhórcheist scríofa, do gach grúpa. De rogha air sin, thiocthadh le gach grúpa a bPirimid féin a tharraingt nó ceann 3T a thógáil agus dath ar leith a úsáid ar na codanna éagsúla.
4. Déanann na daltaí na cártáí (nó a gcuid poistíní féin) a mheas, agus socraíonn siad mar ghrúpa ar cé chomh hábhartha agus atá gach cárta maidir leis an mhórcheist. Is iad na tosca is tábhachtaí a chuirtear ag barr na pirimide, na tosca is lú tábhacht ag an bhun, srl.
5. Tugann na grúpaí aiseolas ar na cinntí ansin agus déanann siad na roghanna acu a chosaint más amhlaidh nach bhfuil siad ag teacht le cinntí grúpa eile.
6. Mar ghníomhaíocht shínte, thiocthadh leis na daltaí **Straitéis Cnámh Éisc** nó **Roth na nIarmhairtí** a úsáid leis na pointí a shíleann siad féin a bheith ábhartha a fhiosrú go mion.

## Sampla de Phirimid



# CIORCAL IMROTHLACH

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Fadhbriéiteach, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Fágann an ghníomhaíocht seo go mbíonn daltaí níos muiníní as a gcuid teicnící cumarsáide trí bheith páirteach i ndíospóireachtaí gairide. Fágann sé chomh maith go mbíonn deis ag daltaí réimse leathan de dhearcthaí a chluinstin gan a bheith páirteach i bplé ranga. Mar gheall air seo, is féidir go n-athróidh daltaí a gcuid smaointe nó barúlacha ar mhórcheist áirithe.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, má tá grúpaí de cheathrar ina suí ag táblaí, thioctadh le beirt acu dul isteach i ngrúpa eile nuair a bhíonn an t-am istigh.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déantar dhá ghrúpa den rang.
2. Déanann grúpa amháin acu ciorcal istigh agus déanann an grúpa eile ciorcal amuigh. Tugann na daltaí aghaidh ar a chéile.
3. Cuireann na péirí barúlacha ar mhórcheist áirithe in iúl dá chéile ar feadh bomaite nó mar sin.
4. Rothlaíonn an ciorcal istigh ar deiseal agus rothlaíonn an ciorcal amuigh ar tuathal.
5. Déanann an péire nua an mhórcheist a mheas ansin.
6. Is féidir leanúint den rothlú go mbíonn deis ag na daltaí an mhórcheist a phlé le go leor daltaí eile.
7. Bheadh sé ina chuidiú **mioncheistiú** a dheanamh i ndiaidh na gníomhaíochta.
8. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le **ionsamhlú** chomh maith.



# IONSAMHLÚ

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Beidh an ghníomhaíocht chruthaitheach rólghlacadh seo ina cuidiú agat na daltaí a spreagadh le páirt a ghlacadh i bplé ar mhórchéist áirithe agus le heolas a roinnt.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás measartha mór de dhíth le go mbeidh daltaí ábalta a bheith ag bogadh thart.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Agus ionsamhlú ar bun, caithfidh na daltaí freagairt d'fhadhb ar leith taobh istigh de thimpeallacht struchtúrtha m.sh. bréagchúirt, éisteacht parlaiminte, cruinniú comhairle, cruinniú éascaithe. Tá sé iontach áisiúil maidir le daoine a spreagadh lena ndearcadh, a mbarúil agus a luachanna a chur in iúl, le rannpháirtíocht a chothú agus le hionbhá a fhorbairt. Bíonn neart ama i gceist leis an ghníomhaíocht seo áfach, ar an ábhar go mbíonn cuid mhór ullmhúcháin le déanamh. Ba chóir go mbeadh an cás bainteach agus réadúil, ba chóir na daltaí a chur ar a suaimhneas trí go leor eolais a thabhairt dóibh agus an ról á imirt acu agus ba chóir muinín na ndaltaí a chothú trí ionsamhlaithe grúpaí a dhéanamh sula mbeadh orthu an ról a imirt ina n-aonar.

# BAILIÚ MÉIDE

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Fadhbhréiteach, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Fágann an teicníc seo go mbíonn deis ag daltaí machnamh a dhéanamh ar a gcuid freagraí féin ar mhórchéisteanna agus tosú, de réir a chéile, ar a bheith ag comhoibriú leis na daoine thart orthu lena gcuid smaointe ar théama áirithe a mheas. Spreagtar na daltaí nach bhfuil chomh cainteach sin lena gcuid smaointe a roinnt i bpéirí ar dtús agus i ngrúpaí níos mó ina dhiaidh sin. Fágann an ghníomhaíocht seo go bhfaightear dearcadh gach duine ar mhórchéist agus gur féidir comhaontú ranga a bhaint amach gan díospóireacht ranga a chur ar bun.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, thiocfadh leis na daltaí teacht le chéile i ngrúpaí thart ar tháblaí agus na suíocháin a bhogadh dá réir.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear ceist ábhartha nó cuirtear síos ar chás áirithe.
2. Scríobhann na daltaí a gcuid smaointe, barúlacha, agus/nó moltaí.
3. Tagann na daltaí le chéile i bpéirí lena gcuid freagraí a chur i gcomparáid lena chéile. Pléann siad an seasamh acu agus aontaíonn siad ar chomhdhearcadh maidir leis an mhórchéist. Déantar seo a thaifeadh.
4. Tagann na daltaí le chéile i ngrúpaí de cheathrar agus déantar an próiseas céanna arís. Aontaíonn siad ar chomhdhearcadh agus déantar seo a thaifeadh.
5. Déantar an próiseas arís i ngrúpaí d'ochtair. Aontaítear ar chomhdhearcadh eile.
6. Agus na grúpaí ag éirí níos mó, beidh ar na daltaí urlabhraí/éascaitheoir, amadóir, bainisteoir acmhainní, scríobhaí, srl a roghnú.
7. Pléitear agus aontaítear ar chomhdhearcadh ranga ansin agus déantar é a chosaint.
8. Má tá dalta ar bith ann nach bhfuil sásta leis an dearcadh ranga, is féidir a d(h)earcadh a thaifeadh má shíleann sé/sí nár cuireadh a b(h)arúil san áireamh.
9. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus díriú ní hamháin ar eolas agus tuiscint, ach ar an phróiseas i bhí i gceist sa ghníomhaíocht: Cad é mar a rinne na daltaí cinneadh? Cad é mar a aontaíodh ar chomhdhearcadh? Cad iad na scileanna a bhí in úsáid acu?

# DÍOSPÓIREACHT LÍNE

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Bíonn an ghníomhaíocht seo ina cuidiú le barúlacha agus mothúcháin éagsúla ar mhórcheist áirithe a fhiosrú. Is féidir í a úsáid le tús a chur le hábhar áirithe agus le suim agus buntuisct na ndaltaí mheas. Bíonn ar dhaltaí a seasamh a chur in iúl maidir le mórcheist, rud a fhágann go mbíonn guth ag gach duine, fiú mura labhraíonn siad amach. Bíonn ar dhaltaí a bheith ag plé le débhríocht agus le héiginnteacht, rud a bheidh ina chuidiú acu a thuiscint go gcaithfear eolas ábhartha a úsáid go minic le barúlacha a chosaint. Féach **Díospóireachtaí Siúil** le tuilleadh eolais a fháil ar ghníomhaíochtaí den chineál seo.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Mínigh go bhfuil líne shamhailteach nó speictream samhailteach ann sa seomra – seasann gach ceann den seomra do dhearcthaí atá in éadan a chéile.
2. Léigh amach roinnt ráiteas éagsúil.
3. Tabhair go leor ama do na daltaí le machnamh a dhéanamh ar a mbarúil.
4. Seasann na daltaí áit éigin ar an speictream idir an dá dhearcadh, ag brath ar an bharúil atá acu ar an mhórcheist.
5. Ba chóir do na daltaí a mhíniú cad chuige ar roghnaigh siad áit áirithe ar an líne.
6. Má bhogann siad chuig áit eile, ba chóir dóibh sin a mhíniú fosta.
7. Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid leis na daltaí a ullmhú faoi choinne gníomhaíochtaí eile ar nós **Céimeanna Ollmhóra, Cúig Cheist** agus **Díospóireacht Cipíní**.
8. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo leis na mórcheisteanna ar/nár aontaigh gach duine orthu a phlé.

Seo samplaí de ráitis a d'fhéadfaí a úsáid:

### Topaic: Saoránacht

- Baineann polaitíocht le seandaoine
- Is féidir leithcheal a dhéanamh ar bhonn dearfach (ie, mná a chur ar ghearrliosta faoi choinne post mar Theachta Parlaiminte)
- Ba cheart bata agus bóthar a thabhairt do “laochra” spóirt nach dtaispeánann sampla maith don aois óg

9. Is féidir Fíor/Bréagach nó Is ea/Ní hea a úsáid in ionad ‘Aontaím go mór’ agus ‘Easaontaím go mór’. Nó is féidir teanga atá sainiúil don ábhar a úsáid amhail Daonlathas/Uathlathas, Cumannachas/Caipitleachas, srl.

# DÍOSPÓIREACHT CIPÍNÍ

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbriteach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn deis ag daltaí a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórchéist a chur in iúl agus spreagtar iad le bheith ag smaoineamh go cúramach faoi cad é go díreach ba mhaith leo a rá agus faoin dóigh ab fhearr lena a chur in iúl. Spreagtar daltaí ní hamháin leis na scileanna gníomhacha éisteachta acu a chleachtadh, ach le cur go cuiditheach lena bhfuil ráite ag duine eile. Sa ghníomhaíocht seo déantar iarracht deis chothrom a thabhairt do gach duine sa ghrúpa labhairt ar a mbarúlacha agus iad a roinnt lena chéile. Ní bhíonn deis ag na daltaí is suntasaí a bheith ar thús cadhnaíochta. Féach **Cinn Chainte** le teacht ar ghníomhaíocht eile den chineál seo.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- D'fhéadfadh na daltaí suí i gciorcal nó i leathchiorcal (má tá go leor fairsinge sa seomra). De rogha air sin, thiocfadh leis na daltaí a bheith ina suí ag na táblaí, ach bheadh sé níos deacra díospóireacht duine le duine a dheanamh ar an dóigh seo.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar trí chipín (líreacáin) do gach dalta.
2. Cuireann na daltaí tús le díospóireacht ar mhórchéist ábhartha.
3. Gach uair a labhraíonn duine, caithfidh sé/sí cipín a thabhairt isteach.
4. Ní bhíonn cead cainte ag duine ar bith nach bhfuil cnaipí ar bith fágtha aige/aici. Is féidir daltaí a spreagadh ar an dóigh seo le bheith ag smaoineamh go cúramach ar an rud ba mhaith leo a rá agus le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.
5. Ba chóir gach duine acu a spreagadh leis na cipíní uilig a úsáid.
6. B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir nó le duine ainmnithe na pointí tábhachtacha a scríobh ar chlár nó ar smeach-chairt le linn na díospóireachta.

## LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí)

### Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbrioteach

### Cad é atá ann?

- Tá an modh seo ina chuidiú ag daltaí na gnéithe uilig a bhaineann le moladh áirithe a fhiosrú. Is féidir é a úsáid agus pleanáil ghníomhaíochta ar bun le tionscnaimh a fhorbairt don am atá le teacht. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú chomh maith le grúpa nó imeacht a mheas, le machnamh a dhéanamh ar a bhfuil déanta cheana féin agus le himpleachtaí don am atá le teacht a aimsiú.

### Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar dhóigheanna éagsúla. Is féidir timpeallán páipéir a úsáid le heolas a bhailiú. Sa chás seo, bheadh ar na grúpaí a bheith ábalta bogadh go héasca ó thábla go tábla. De rogha air sin, thioctadh le daltaí a bheith ina suí ina ngrúpaí agus an teimpléad seo thíos a úsáid le mórcheisteanna a mheas.

### Cad é mar a oibríonn sé?

1. B'fhéidir go mbeadh ar an éascaitheoir an chiall atá le LLDB a phlé leis na daltaí agus gach téarma a mhíniú, go háirithe an difear a d'fhéadfadh a bheith ann idir 'láidreacht' agus 'deis', agus idir 'laige' agus 'bagairt'. Baineann 'deis' agus 'bagairt' le himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann *san am atá le teacht*. Is é atá i gceist le 'láidreacht' agus 'laige', liosta de na rudaí deimhneacha agus na rudaí diúltacha a bhaineann leis an mholadh, bunaithe ar a bhfuil déanta cheana.
2. Tugtar an moladh do na daltaí lena a phlé nó lena a mheas. Cuirtear smaointe faoin cheannteideal chuí (L-L-D-B).
3. B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir aird a dhíriú ar cheannteideal amháin san am agus aiseolas a fháil sula dtugtar faoin chéad cheannteideal eile. D'fhéadfaí am a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh ar 'láidreachtaí' sula dtéann siad ar aghaidh chuig 'deiseanna', mar shampla.
4. Agus aiseolas á fháil, b'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir ceisteanna a úsáid, ar nós: Cad é atá go maith? Cad é atá go holc? Cad é a d'fhéadfadh tarlú anois? Cad é a chuirfeadh bac ar dhul chun cinn?
5. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh ar ghrúpobair.
6. Is féidir smaointe a éiríonn as an ghníomhaíocht a fhiosrú agus an teicníc **Cúig Cheist** in úsáid.

Láidreacht	Laige
Bagairt	Deis

# TABLEAU

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Bheith Cruthaitheach
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- D'fhéadfaí an ghníomhaíocht fhisiceach seo a úsáid leis na daltaí a spreagadh le bheith ag machnamh ar mhórchleist áirithe agus le dul i mbun plé. D'fhéadfaí í a úsáid le tuiscint nó eolas na ndaltaí ar ábhar áirithe a mheas chomh maith. Féach **Fráma Reoite** le teacht ar ghníomhaíocht eile den chineál seo.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí.
2. Iarrtar orthu mórchleist/imeacht ghinearálta a léiriú mar a bheadh grianghraf ann.
3. Thig leis na daltaí a bheith ag obair le chéile mar ghrúpa le plé a dhéanamh ar a bhfuil le léiriú acu agus ar an chuma a bheadh air in Tableau.
4. De rogha air sin, thiofadh leis na daltaí ról a ghlacadh agus, nuair a thugann an múinteoir an t-ordú, stopadh láithreach.
5. Thiofadh leis na grúpaí bogadh thart ar a seal le hamharc ar tableau na ngrúpaí eile.
6. D'fhéadfaí **mhioncheistiú** a dhéanamh le haird a dhíriú ar an chineál comharthaíochta coirp a bhí in úsáid sa tableau, ar cad chuige ar léirigh daltaí an radharc ar an dóigh áirithe sin, agus ar cad chuige a léireodh daoine eile ar dhóigh eile é.
7. Mar ghníomhaíocht shínte, thiofadh leis na grúpaí gnéithe éagsúla de mórchleist áirithe a léiriú agus grianghraif a ghlacadh le scéal grianghraf a dhéanamh.

### Tableau: Cásanna Samplacha:

- Gníomhartha mairnéalach ar bord loinge
- Cath airm in éadan an namhad
- Oíche na Bliana Úire á ceiliúradh ag grúpa daoine

# GEIS

## Scileanna

- Smaointeoireacht
- Bainistiú Eolais
- Féinbhainistiú

## Cad é atá ann?

- Díríonn an ghníomhaíocht seo ar rudaí a mhíniú go soiléir. Forbraítear straitéisí cumarsáide agus cumas na ndaltaí agus spreagtar iad le bheith ag smaoineamh ar dhóigh chruthaitheach shamhlaíoch faoina bhfuil siad ag iarraidh a chur in iúl. Bíonn ar dhaltaí a bheith ag smaoineamh go gasta agus dóigheanna éagsúla lena gcuid smaointe a chur in iúl a fhiosrú.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.
2. Faigheann gach grúpa clúdach a bhfuil focalchártaí ann. Ba chóir go mbeadh an t-eochairfhocal ag barr gach cárta mar aon le liosta de chúig fhocal ar a mhéad, nach bhfuil cead acu a úsáid sa chur síos acu. Is é aidhm an chluiche go míneoidh gach grúpa an focal ar an chárta do na grúpaí eile gan úsáid a bhaint as na focail ar an liosta. Má éiríonn le grúpa an focal a thomhas faigheann siad pointe. Faigheann an grúpa a dhéanann an cur síos pointe chomh maith.
3. Amharcann na daltaí ar na focail acu agus bíonn am acu le bheith ag machnamh ina ngrúpaí ar an dóigh a míneodh siad iad – ba chóir do na daltaí a gcuid smaointe phlé lena chéile.
4. Ansin cuireann gach grúpa síos ar a sheal ar cheann amháin de na focail ar an liosta. Ba chóir do na grúpaí eile an freagra a thomhas agus é a scríobh.
5. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus aird a dhíriú ar na ceisteanna seo a leanas: cad iad na scileanna a bhí in úsáid? Cad é a rinne na daltaí mar ghrúpa le haontú ar shainmhínithe? Cad é mar a d'fhéadfaí an próiseas a chur i bhfeidhm i gcásanna eile?

# CINN CHAINTE

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Fadhbreiteach
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Beidh dalta ar bith atá eolach ar an úrscéal 'Lord of the Flies' eolach ar an sliogán chomh maith. Sa scéal seo, bhí cead cainte ag cibé duine a raibh an sliogán ina lámh aige agus ní raibh cead ag duine ar bith eile cur isteach air. Sa ghníomhaíocht seo bíonn deis ag daltaí a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheist a chur in iúl gan duine ar bith eile a bheith ag cur isteach orthu. Dírítear aird chomh maith ar scileanna gníomhacha éisteachta na ndaltaí. Féach **Díospóireacht Cipíní** le teacht ar ghníomhaíocht eile den chineál seo.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir na daltaí a chur ina suí i gciorcal nó i leathchiorcal. Caithfidh go leor fairsinge a bheith sa seomra, mar sin, leis seo a dhéanamh. De rogha air sin, thiocfadh le daltaí a bheith ina suí ag táblaí agus thiocfadh leis an éascaitheoir an sliogán a thabhairt do na daoine sin ar mhaith leo labhairt.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Roghnaítear rud cuí mar réad na cainte. D'fhéadfaí rudaí a bhfuil ceann acu a úsáid (mar atá sa teideal), bréagán bog (ag brath ar ndóigh ar aois agus spéiseanna na ndaltaí!!) nó puipeád, mar shampla. De rogha air sin d'fhéadfaí hata a úsáid, agus ligean do na daltaí é a chur orthu ar a seal.
2. Déanann na daltaí plé ar mhórcheist áirithe. Is é an duine a bhfuil réad na cainte aige/aici an t-aon duine amháin a bhfuil cead cainte aige/aici.
3. Moltar gan an réad a chur thart ó dhuine go duine ar a seal. Bheadh baol ann sa chás seo nach n-éistfeadh na daltaí lena bhfuil á rá ag daoine eile ar an ábhar go mbeadh siad ag machnamh ar an rud ba mhaith leo féin a rá. Ní bheidh an ghníomhaíocht seo chomh héifeachtach céanna má bhíonn daltaí neirbhíseach nó má mhothaíonn siad go bhfuil brú orthu. D'fhéadfaí an réad a chur in áit lárnach agus í a chur ar ais ansin i ndiaidh gach seal sa dóigh go dtig le duine eile í a thógáil.
4. Ba chóir na daltaí a spreagadh le bheith ag éisteacht go cúramach lena bhfuil a rá ag daoine eile agus ansin, más mian leo, a dtuairim a chur in iúl ar dhóigh chruthaitheach fhorásach, agus a gcuid scileanna gníomhacha éisteachta a fheabhsú ar an dóigh seo.



# SMAOINIGH, GABH I MBEIRT agus GABH I BPÁIRT

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Ag Obair le Daoine Eile

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar mhórchéist nó ar fhadhb agus a gcuid smaointe a roinnt le daoine eile. Spreagtar iad lena seasamh féin a mhíniú trí shamplaí soiléire a úsáid agus trína gcuid smaointe a chur in iúl go soiléir. Cuireann daltaí lena dtuiscint choincheapúil ar ábhar agus téann siad i dtaithí ar bharúlacha daoine eile a úsáid lena gcuid barúlacha féin a fhorbairt. D'fhéadfaí cur chuige **Bailiú Méide** a úsáid leis an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má úsáidtear cur chuige **Bailiú Méide**, beidh spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, thig le daltaí a bheith ag obair ina bpéirí nó ina ngrúpaí de cheathrar.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuireann an t-éascaitheoir fadhb nó mórchéist áirithe i láthair an ranga.
2. Baineann na daltaí úsáid as **Bailiúchán Poistíní** agus déanann siad a gcuid smaointe ar an chéist a thaifeadh.
3. Ansin pléann na daltaí a gcuid smaointe le cara agus deanann siad iad a chosaint. Ba chóir dóibh a gcuid smaointe a chur in iúl agus a mhíniú go soiléir, agus samplaí a úsáid lena gcuid pointí a threisiú.
4. B'fhéidir gur mhaith leis an éascaitheoir sos a thabhairt do na daltaí ag an phointe seo le piarmheasúnú a dhéanamh; thiocfadh leis na daltaí a chur in iúl dá bpáirtí a fheabhas a d'éirigh leo na smaointe a chur chun tosaigh agus a mhíniú.
5. D'fhéadfaí am a thabhairt do na daltaí ansin le cur leis an eolas agus leis na barúlacha acu sula gcuirfear i ngrúpaí de cheathrar iad.
6. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo agus aird a dhíriú ar struchtúr argóintí na ndaltaí, ar an dóigh ar cuireadh barúlacha in iúl agus a ndearnadh iad a chosaint, agus ar a bhfuil i gceist le hargóint áititheach.
7. Mar ghníomhaíocht shínte, thiocfadh leis na daltaí ról abhcóide an diabhair a thabhairt orthu féin agus argóint áititheach nach léiríonn a gcuid barúlacha féin a chur i láthair.

# UIRLIS ORDÓIGE

## Scileanna

- Féinbhainistiú

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht shimplí seo iarrtar ar dhaltaí a mheas cé chomh maith agus a d'éirigh leo na cuspóirí a bhaint amach ag deireadh ceachta nó seisiúin. Thig le daltaí í a úsáid chomh maith lena chur in iúl a mhuiníní atá siad go bhfuil an freagra acu ar cheist a chuir an múinteoir/an t-éascaitheoir. Sa chás deiridh, fágann an ghníomhaíocht seo gur féidir measúnú ar an toirt a dhéanamh ar cé chomh maith agus a thuigeann rang nó grúpa mórcheist nó ábhar. Féach **Dorn-go-Cúigear** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar a gcuid foghlama.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. I ndiaidh seisiúin, fiafraítear de na daltaí a mhuiníní atá siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu. Thig leo ceann amháin de thrí ghotha láimhe a úsáid:
  - Ordóg in airde má tá siad iontach muiníneach go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu;
  - Ordóg ar leataobh má mhothaíonn siad gur éirigh go measartha maith leo na cuspóirí a bhaint amach, ach go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh; agus
  - Ordóg síos má mhothaíonn siad nach bhfuil ach beagán dul chun cinn nó nach bhfuil dul chun cinn ar bith déanta acu maidir leis an chuspóir a bhaint amach.
2. Má úsáidtear an uirlis le freagra a thabhairt ar cheist áirithe ón mhúinteoir le linn ceachta, is é a bheadh i gceist leis na gothaí láimhe:
  - Ordóg in airde má tá siad iontach muiníneach go bhfuil an freagra acu;
  - Ordóg ar leataobh má tá cuid den fhreagra acu nó mura bhfuil siad lánchinnte go bhfuil an freagra cruinn acu; agus
  - Ordóg síos má tá siad cinnte nach bhfuil an freagra acu.
3. Más ag deireadh seisiúin a bhíonn an uirlis in úsáid, is féidir na mórcheisteanna seo a leanas a fhiosrú agus **mioncheistiú** ar bun; cén dóigh ar baineadh an cuspóir amach, cad é eile ba mhaith leis na daltaí a bhaint amach agus cén dóigh a ndéanfadh siad é, cad é a chuir bac orthu an cuspóir a bhaint amach, agus cén dóigh a dtiocfadh leo bacainní den chineál seo a sheachaint amach anseo.

# SOILSE TRÁCHTA

## Scileanna

- Féinbhainistiú

## Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht shimplí seo spreagtar daltaí lena chur in iúl cé chomh maith agus a d'éirigh leo na cuspóirí a bhaint amach ag deireadh ceachta nó seisiúin. Thig le daltaí í a úsáid chomh maith lena chur in iúl a mhuiníní atá siad go bhfuil an freagra acu ar cheist a chuir an múinteoir/an t-éascaitheoir. Sa chás deiridh, fágann an ghníomhaíocht seo gur féidir measúnú ar an toirt a dhéanamh ar cé chomh maith agus a thuigeann rang nó grúpa mórcheist nó ábhar. Féach **Dorn-go-Cúigear** agus **Uirlis Ordóige** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar a gcuid foghlama.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar tacar de thrí chárta do gach dalta – ceann a bhfuil ciorcal glas air, ceann a bhfuil ciorcal ómrach air agus ceann a bhfuil ciorcal dearg air.
2. I ndiaidh seisiúin, fiafraítear de na daltaí a mhuiníní atá siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu. Ag an phointe seo, roghnaíonn daltaí an ciorcal ba mhaith leo a thaispeáint:
  - Ciorcal glas má tá siad iontach muiníneach go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu;
  - Ciorcal ómrach má mhothaíonn siad gur éirigh go measartha maith leo na cuspóirí a bhaint amach, ach go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh; agus
  - Ciorcal dearg má mhothaíonn siad nach bhfuil ach beagán dul chun cinn nó nach bhfuil dul chun cinn ar bith déanta acu maidir leis an chuspóir a bhaint amach.
3. Má úsáidtear an uirlis seo le freagra a thabhairt ar cheist áirithe ón mhúinteoir le linn ceachta, is é a bheidh i gceist leis na ciorcail éagsúla:
  - Ciorcal glas má tá siad iontach muiníneach go bhfuil an freagra acu;
  - Ciorcal ómrach má tá cuid den fhreagra acu nó mura bhfuil siad lánchinnte go bhfuil an freagra cruinn acu; agus
  - Ciorcal dearg má tá siad cinnte nach bhfuil an freagra acu.
4. Más ag deireadh seisiúin a bhíonn an uirlis in úsáid, is féidir na mórcheistean seo a leanas a fhiosrú agus **mioncheistiú** ar bun; cén dóigh ar baineadh an cuspóir amach, cad é eile ba mhaith leis na daltaí a bhaint amach agus cén dóigh a ndéanfadh siad é, cad é a chuir bac orthu an cuspóir a bhaint amach, agus cén dóigh a dtiocfadh leo bacainní den chineál seo a sheachaint amach anseo.
5. **Oiriúnú:** mar theicníc 'Measúnú chun Foghlama', d'fhéadfaí solas tráchta bán a thabhairt do na daltaí agus ábhar á mheasúnú acu. D'fhéadfadh siad é a dhathú de réir a mhuiníní atá siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu.

## DHÁ RÉALTA agus MIAN

### Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht
- Féinbhainistiú

### Cad é atá ann?

- Is féidir an modh seo a úsáid le daltaí aonair nó grúpaí daltaí a spreagadh le piarmheasúnú cuiditheach a dhéanamh. Bíonn an teicníc piarmheasúnaithe seo ina cuidiú ag daltaí a gcuid oibre féin a mheas agus a fheabhsú fosta. Fágann sé go dtuigeann daltaí go bhfuil níos mó na cur chuige amháin ann le tasc a dhéanamh agus go mbíonn torthaí éagsúla i gceist.

### Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Ba chóir go mbeadh na daltaí ag rothlú ina ngrúpaí thart an seomra. De rogha air sin, is féidir míreanna oibre a chur ó dhalta go dalta agus iad ina suí i ngrúpaí.

### Cad é mar a oibríonn sé?

1. Sula dtugann siad aghaidh ar an ghníomhaíocht seo, ba chóir do na daltaí dul siar ar a gcuid oibre féin agus an modh dhá réalta agus mian in úsáid acu (féach pointe a trí anseo thíos).
2. I ndiaidh do na daltaí mír oibre a chríochnú, thig leo rothlú ina ngrúpaí le hamharc ar obair daoine eile.
3. Bíonn roinnt poistíní ag gach dalta. I gcás gach píosa oibre a n-amharcann siad air, scríobhann na daltaí dhá rud a thaitníonn leo agus rud amháin a shíleann siad a chuirfidh feabhas ar an obair (mian).
4. Filleann na daltaí ar a gcuid oibre féin lena bhfuil scríofa ag na daoine eile ar na poistíní a léamh agus a phlé.
5. Déanann siad liosta ansin de na réaltaí agus na mianta a bhaineann lena gcuid oibre féin agus scríobhann siad measúnú gearr lena chur in iúl cén dóigh a ndéanfaidh siad an obair a fheabhsú an chéad uair eile.

# GRIANGHRAIF A ÚSÁID

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Fadhbriteach

## Cad é atá ann?

- Is féidir grianghraif a úsáid le díospóireacht a spreagadh. D'fheadfaí iad a úsáid i gcomhar le modhanna eile sa leabhar seo ar nós **Droim le Droim**. Is féidir cuid mhór de na modhanna seo a leanas a úsáid le híomhá ghluaiste chomh maith.

Seo roinnt moltaí eile:

- Cuir réimse íomhánna agus/nó cartún a bhaineann le mórcheist áirithe (bochtaineacht m.sh.) ar taispeáint agus iarr ar na daltaí freagairt láithreach a thabhairt. Cad é atá an grianghrafadóir nó an cartúnaí ag iarraidh a chur in iúl faoin mhórcheist? An aontaíonn/an easaontaíonn siad? Cad é mar a mhothaíonn siad faoi na híomhánna éagsúla?
- Thiocfadh le daltaí grianghraf a roghnú (ceann amháin, mar shampla, a chuireann míshuaimhneas orthu) agus a mhíniú don ghrúpa cad chuige ar roghnaigh siad é.
- Tugtar íomhá nó grianghraf dó ghrúpa daltaí agus iarrtar orthu foscríbhinn a chur leis (m.sh. inimirceach neamhdhleathach ag teacht chuig an tír). Ansin thig leis na grúpaí na foscríbhinní a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, agus plé a dhéanamh ar an dóigh a spreagann foscríbhinn freagairtí éagsúla (m.sh. beidh cuid acu ag díriú ar dhóchas, cuid eile ar éadóchas, ar charthanacht srl.).
- Tabhair bileog mhór pháipéir a bhfuil grianghraf ina lár do gach grúpa (grianghraf, mar shampla, a thugann mórcheist chonspóideach chun suntais). Iarr ar na daltaí ceisteanna a chur faoin ghrianghraf agus na ceisteanna a scríobh thart ar an ghrianghraif (Cad é an mhórcheist? Cé atá páirteach ann? Cad é a shíleann an duine sin atá ina s(h)easamh ar leataobh? srl.). Is féidir ceisteanna a úsáid le díospóireachtaí eile a spreagadh. De rogha air sin, b'fhéidir gur mhaith leis na daltaí smaointe breise a ghiniúint ar íomhá trí na focail agus na smaointe a rith leo nuair a chonaic siad í den chéad uair a scríobh thart uirthi.
- Iarr ar na daltaí rólghlacadh nó ionsamhlú a fhorbairt bunaithe ar ghrianghraf, íomhá nó cartún. Thig leo daoine aonair i bpictiúr a ainmniú, a rá cén bhaint atá eatarthu, a shamhlú cad é mar a mhothaíonn gach duine acu, srl. Ba chóir dóibh na róil a ghlacadh agus an rud atá ag tarlú nó a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin a léiriú i ndrámá. Thig le gach dalta carachtar ó ghrianghraf a roghnú agus an ról sin a ghlacadh. Thig le daoine eile sa rang ceisteanna a chur orthu agus iad sa ról.
- Thig le daltaí grianghraif a ghlacadh le ceamara digiteach agus iad a úsáid i gcolláisí, i gcur i lathair, srl.
- Is féidir grianghraif a úsáid i ngníomhaíocht **Cluiche Cuimhne**. D'fheadfaí pictiúr nó cartún a thaispeáint do na daltaí a gcaithfidh siad staidéar a dhéanamh air agus cuimhneamh ar shonraí. Ansin scríobhann nó tarraingíonn na daltaí sonraí ón pictiúr. Is féidir seo a úsáid le haird na ndaltaí a dhíriú ar shonraí.

# DÍOSPÓIREACHTAÍ SIÚIL

## Scileanna

- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Sna gníomhaíochtaí seo déantar barúlacha agus mothúcháin éagsúla ar mhórchéisteanna áirithe a fhiosrú. Is féidir iad a úsáid le tús a chur le hábhar áirithe agus le suim agus buntuisct na ndaltaí a mheas. Bíonn ar na daltaí a seasamh a chur in iúl maidir le mórchéist, rud a fhágann go mbíonn guth ag gach duine, fiú mura labhraíonn siad amach. Bíonn ar dhaltaí a bheith ag plé le débhríocht agus le héiginnteacht, rud a bheidh ina chuidiú acu a thuiscint go gcaithfear eolas ábhartha a úsáid go minic le barúlacha a chosaint. Tá cineálacha éagsúla de dhíospóireacht siúil ann. Is dócha gurb é **Díospóireacht na gCeithre Chúinne** an ceann is coitianta. Anseo thíos tugtar cuntas gearr air. Ar na cineálacha eile tá **Díospóireacht Líne**, **Luach Leanúntais** agus **Líne Fhíor nó Bhréagach**.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. De rogha air sin, mura bhfuil go leor spáis ann, d'fhéadfaí na ceithre ráiteas a scríobh ar chártaí agus iad a thabhairt do na daltaí (aontaím, easaontaím, aontaím go mór, easaontaím go mór). Thig le daltaí an cárta cuí a chur in airde nuair a léitear gach ráiteas.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Léitear réimse ráiteas amach.
2. Bíonn deis ag na daltaí machnamh a dhéanamh ar an bharúil acu.
3. Ansin téann na daltaí go dtí an cúinne is fearr a chuireann in iúl cad é mar a mhothaíonn siad faoin ráiteas. Ba chóir na daltaí a spreagadh gan na daoine eile a leanúint, mar níl freagra ceart nó mícheart ann.
4. Ba chóir go spreagfadh na ráitis réimse freagairtí (m.sh. is fearr *“faigheann peileadóirí barraíocht airgid”* ná *“faigheann gach peileadóir barraíocht airgid”* mar ráiteas mar fágann an chéad ráiteas gur féidir léirmhíniú a dhéanamh).
5. Agus na daltaí ag bogadh, ba chóir dóibh a mhíniú cad chuige a bhfuil siad ag dul chuig an chúinne áirithe sin. Ba chóir barúlacha a fháil ó na cúinní uilig.
6. Ba chóir focheisteanna a úsáid le mórchéisteanna níos casta a fhiosrú agus leis an ráiteas tosaigh a bheachtú.
7. Tá cead ag daltaí bogadh chuig cúinne eile agus na ráitis á bplé, má thagann mórchéist chun tosaigh a thugann orthu athchomhairle a dhéanamh.

8. Má théann daltaí chuig cúinne eile, ba chóir dóibh an fáth a mhiniú.
9. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dheanamh i ndiaidh na gníomhaíochta agus plé a dhéanamh ar na mórcheisteanna ar aontaigh/nár aontaigh gach duine orthu.

Ar na ráitis a d'fhéadfadh a bheith ann tá:

**Ábhar: Spórt agus Sláinte Phearsanta**

- Ba chóir do pheileadóirí leathchuid dá dtuarastal a thabhairt do charthanais
- Ba chóir cosc saoil a ghearradh ar réaltaí spóirt a úsáideann drúgaí
- Ba chóir cosc a chur ar sceallóga i mbialanna scoileanna

# AGUS AN GHAOTH AG SÉIDEADH

## Scileanna

- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpaí nua, leis na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir baill ghrúpa a fhiosrú nó le tús a chur le hábhar nua.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Mura bhfuil seo ar fáil, thig le daltaí a chur in iúl cén catagóir lena mbaineann siad trína lámh a chur in airde, mar shampla.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Bíonn na daltaí ina suí i gciorcal, agus duine amháin (an t-éascaitheoir, b'fhéidir) ina s(h)easamh i lár an ghrúpa.
2. Deir an duine sa lár, 'Séideann an ghaoth na daoine uilig a...', agus luann sé/sí catagóir áirithe.

### Daoine a chur ar a suaimhneas i ngrúpa:

- Séideann an ghaoth na daoine uilig a bhfuil gruaig fhionn orthu.
- Séideann an ghaoth na daoine uilig atá ina gcónaí faoi tuath.
- Séideann an ghaoth na daoine uilig a bhfuil beirt deirfiúracha acu.

3. 'Séidtear' chuig cathaoir eile na daltaí sin a bhaineann le catagóir áirithe.
4. Is féidir tabhairt faoi mhórchéisteanna níos tráthúla nó níos íogaire chomh maith, mar shampla:

- Séideann an ghaoth na daoine uilig a ghlacann páirt sa phobal.
- Séideann an ghaoth na daoine uilig a d'fhreastail ar scoil gach lá anuraidh.

5. Is féidir na ráitis a úsáid chomh maith le heolas úsáideach a fháil amach, mar atá:

- Séideann an ghaoth gach duine a bhí ina traenálaí foirne.
- Séideann an ghaoth gach duine a bhfuil teastas sa gharchabhair acu.

6. D'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo agus iarraidh ar na daltaí rud suimiúil amháin a d'fhoghlaim siad faoi bhall eile den ghrúpa a chur in iúl.



# CLUICHÍ FOCAL

## Scileanna

- Smaointeoireacht
- Bainistiú Eolais

## Cad é atá ann?

- Beidh na gníomhaíochtaí thíos ina gcuidiú le tús spreagthach a chur le ceacht ina ndéanfar athbhreithniú ar obair a rinneadh roimhe. Díríonn siad ar eochairfhocail a bhaineann leis an ábhar atá faoi chaibidil. Féach **Geis** le teacht ar chluiche eile ina bhfuil comhcheangal focal i gceist.

## Leadóg Bhriathartha

1. Bíonn na daltaí ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí de thriúr.
2. Tugtar tacar cártaí do gach grúpa agus cuireann siad béal faoi ar an tábla iad.
3. Roghnaíonn na daltaí cárta ar a seal agus deir siad an focal. Caithfidh a bpáirtí smaoinemh go gasta ar fhocal eile a bhaineann leis an fhocal ar an chárta (taobh istigh de theorainn ama de chúpla soicind de ghnáth). Má dhéanann dalta moill, má ghlacann sé/sí rófhada, má deir sé/sí an focal arís nó focal eile nach mbaineann leis an fhocal ar an chárta, faigheann an céile imeartha pointe. Más grúpa de thriúr atá i gceist, d'fhéadfadh an triú duine a bheith ina réiteoir.
4. De rogha air sin, thioctadh le beirt daltaí an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga agus an rang ag feidhmiú mar réiteoirí.

## Cuntas Síos

- Bíonn tríocha soicind ag daltaí le focal (ábhartha) nach bhfuil na litreacha san ord ceart ann a oibriú amach.

## Foclóir Pictiúr

- Tarraingíonn daltaí eochairfhocal ar an chlár mar ghníomhaíocht don rang iomlán nó ar pháosa páipéir ina bpéirí.

## Biongó

1. Tugtar eangach Biongó do na daltaí (nó cruthaíonn siad a gceann féin) ar a bhfuil eochairfhocail a bhaineann leis an ábhar.
2. Léann an múinteoir sainmhíniú eochairfhocail amach.
3. Marcálann daltaí an focal lena mbaineann an sainmhíniú.
4. Scairteann an chéad duine a n-éiríonn leis/léi líne iomlán a mharcáil “Biongó”.

## An Crochadóir

1. Cuirtear an líon litreacha atá san eochairfhocal in iúl do na daltaí agus bíonn orthu litir a rá.
2. Caithfidh siad an focal a thomhas sula dtarraingeofar an fear iomlán.

# CRIOS BAINTEACHTA

## Scileanna

- Ag Obair le Daoine Eile
- Smaointeoireacht, Cinnteoireacht

## Cad é atá ann?

- Fágann an ghníomhaíocht seo go dtig le daltaí a bheith ag machnamh ar na pointí a bhaineann nó nach mbaineann le hábhar agus eochaircheist á meas acu. Chomh maith leis, sin iarrtar ar dhaltaí smaointe agus eolas a chur in ord tosaíochta agus na roghanna acu a chosaint. D'fhéadfadh seo a bheith ina theicníc úsáideach le hathbhreithniú a dhéanamh le haghaidh scrúduithe, mar spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar na freagraí is éifeachtúla agus is ábhartha ar cheisteanna. Féach **Rangú Muileata, Tonnadóir Smaointe, Tógáil Ballaí** nó **Pirimid Tosaíochtaí** le teacht ar ghníomhaíochtaí tosaíochta eile.

## Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Thig le daltaí a bheith ag obair ar chlár nó ar spás ar an bhalla. De rogha air sin, thioctadh le grúpaí a bheith ag obair thart ar thábla agus bileoga A3 nó A4 in úsáid acu.

## Cad é mar a oibríonn sé?

1. Thig le daltaí a bheith ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar tacar cártaí do gach grúpa ar a bhfuil focail, nathanna nó pictiúir a bhaineann leis an eochaircheist.
3. Tugtar Teimpléad Crios Bainteachta do gach grúpa (féach an sampla thíos) ar a bhfuil an eochaircheist scríofa. De rogha air sin, thioctadh le gach grúpa Crios Bainteachta dá gcuid féin a tharraingt.
4. Déanann na daltaí na cártaí a mheas, socraíonn siad ar cé acu a bhaineann siad leis an eochaircheist nó nach mbaineann. Má shíleann siad go mbaineann cárta leis an eochaircheist, caithfidh siad smaoineamh ar cé chomh bainteach agus atá sé agus é a chur áit éigin taobh istigh den Chrios Bainteachta dá réir sin.
5. Ansin tugann na grúpaí aiseolas ar na cinntí acu, agus déanann siad a roghanna a chosaint mura bhfuil siad ag teacht le cinntí grúpa eile.
6. Mar ghníomhaíocht shínte, is féidir leis na daltaí **Straitéis Cnámh Éisc** nó **Roth na nIarmhairtí** a úsáid leis na pointí a shíleann siad a bheith bainteach a fhiosrú a thuilleadh.

## Sampla de Chrios Bainteacha

### Pointí Bainteacha

#### Pointí Neamhbhainteacha

#### Na Pointí IS Baintí

##### **Eochaircheist:**

Cad iad  
na himeachtaí  
a d'fhág  
gur tháinig  
deireadh  
le hApartheid  
san Afraic Theas?

Cóipcheart © PMB 2007  
Arna aistriú agus arna tháirgeadh ag CCEA © 2013  
[www.nicurriculum.org.uk](http://www.nicurriculum.org.uk)



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

✉ [info@ccea.org.uk](mailto:info@ccea.org.uk) 🌐 [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

*Rewarding Learning*